An Roinn Oideachais
agus Óige
Department of Education
and Youth


# Sonraíocht don Oideachas Sóisialta agus Imshaoil

## Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta

Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)

2025





# Clár an Ábhair


Brollach 2

1. Réamhrá 3

2. Réasúnaíocht 8

3. Aidhmeanna 9

4. Snáitheanna agus Gnéithe 10

5. Torthaí Foghlama 14

6. An Curaclam don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* i bhFeidhm 27

7. Breac-chuntas ar an Tacar Uirlisí don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* ar Líne 44

8. Gluais 46

9. Tagairtí 48

Aguisín A. Coincheapa, scileanna, meonta agus luachanna in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* 50

# Brollach

Is le haghaidh gach páiste a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta an tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* (*OSI*). Tá sí ionchuimsitheach agus iomlánaíoch, ag aithint oideachas bunscoile agus oideachas speisialta mar thréimhse 'ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina' – ag nascadh le réamhfhoghlaim na bpáistí, ag ceiliúradh eispéiris reatha na bpáistí agus ag féachaint chun cinn ar a dtodhchaí.

Ag cur le *Creatchuraclam na Bunscoile*, oibríonn sonraíochtaí athfhorbartha an churaclaim le chéile chun bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste le go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí.

Leagtar béim thábhachtach sa tsonraíocht don *OSI* ar chumas gníomhúcháin páistí agus múinteoirí, ag cinntiú go mbíonn ionchur bríoch ag páistí ina bhfoghlaim agus ag tacú le múinteoirí chun cinntí gairmiúla eolasacha a dhéanamh laistigh de pharaiméadair an churaclaim.

Tá an tsonraíocht don *OSI* mar chuid den athfhorbairt níos leithne ar Churaclam na Bunscoile. Leagadh béim ar leith ar chomhleanúnachas a chinntiú ar fud na sonraíochtaí. De réir mar a chuireann tú eolas ar na sonraíochtaí, tabharfaidh tú do d'aire gur ann do struchtúr seasmhach agus úsáid sheasmhach téarmaíochta, caibidlí agus fochodanna atá thart ar chomh fada lena chéile agus go seachnaítear dúbláil gan ghá agus athrá ar Thorthaí Foghlama. B'fhéidir go n-aithneofá go leor de na gnéithe dearfacha den chleachtas reatha a tharlaíonn inár mbunscoileanna agus scoileanna speisialta, chomh maith le feabhsúcháin san fhoghlaim a bhfaighidh páistí taithí orthu trí na cuir chuige oideolaíochta agus measúnaithe a dtacaítear leo ar fud an churaclaim.

Fiosraítear in *OSI* feiniméin shóisialta, timpeallachta, chultúrtha, reiligiúnacha agus pholaitiúla ar fud na staire agus na tíreolaíochta. Cothaítear léirthuiscint leis don dúlra, aithnítear taithí éagsúil an duine, san am a caitheadh agus san am i láthair, agus leagtar béim ar idirnaisc idir an duine agus an dúlra. Cuireann páistí lena gcuid eolais agus lena gcuid tuisceana in *OSI* trí fhiosrú; cumarsáid; agus tuiscint agus ceangal. Múnlaíonn sé sin conas a fhoghlaimíonn páistí mar staraithe agus mar thíreolaithe, a bheith agus ag éirí ina saoránaigh ghníomhacha, eolasacha, fhreagracha.

# 1. Réamhrá

Tá sé de cheart ag gach páiste in Éirinn go gcuirfí oideachas orthu bunaithe ar a láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais. Is é is aidhm do *Chreatchuraclam na Bunscoile* bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste le go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath, ag tacú leo chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill de phobail agus den tsochaí. Aithnítear an t-oideachas bunscoile ann mar thréimhse 'ag maireachtáil anois' agus 'ag éirí ina' – agus aird á tarraingt ar an tábhacht a bhaineann le heispéiris atá taitneamhach, suimiúil, ábhartha agus dúshlánach mar is cuí do gach páiste, eispéiris a chumhachtaíonn iad mar fhoghlaimeoirí san am i láthair agus amach anseo araon. Is tábhachtach go dtacaíonn Curaclam na Bunscoile le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán do gach páiste atá ag freastal ar bhunscoileanna agus ar scoileanna speisialta.

Tá ról ríthábhachtach ag an oideachas maidir le cur le sochaí na hÉireann atá daonlathach, cothromasach agus cóir. Tá Stair agus Tíreolaíocht mar chuid den *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* (*OSI*), ina n-ionchorpraítear an fhoghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha. Cuirtear ar chumas páistí, leis an bhfoghlaim sa réimse curaclaim seo, iad féin a fheiceáil mar bhaill den tsochaí a bhfuil cearta agus freagrachtaí acu, agus cumasaítear iad chun cur le cúrsaí tábhachtacha áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda. Tarlaíonn sé sin trí eispéiris foghlama shaibhre atá ionchuimsitheach agus freagrúil, a bhfuil páistí ag a gcroílár.

Cuireann páistí tús lena n-aistear oideachais ó bhreith, trí idirghníomhaíochtaí agus eispéiris leis an domhan thart timpeall orthu. I mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta, bíonn eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha ag páistí a thógann ar an eolas, na scileanna, na coincheapa, na meonta, na dearcthaí agus na luachanna atá sealbhaithe acu sa bhaile agus i suíomhanna réamhscoile trí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Agus páistí ag déanamh dul chun cinn tríd an mbunscoil agus tríd an scoil speisialta, nascann a bhfoghlaim, agus déanann sí tuilleadh dul chun cinn, trí na heispéiris foghlama san iar-bhunscoil. I bhfianaise a éagsúla a bhíonn na comhthéacsanna ina bhfoghlaimíonn páistí agus uathúlacht aistear foghlama gach páiste, cuirtear cumas gníomhúcháin agus rogha chun cinn sa churaclam agus aithnítear go bhfuil ról lárnach ag múinteoirí maidir le heispéiris foghlama chothroma, fhiúntacha agus iomlánaíocha a éascú do gach páiste.

## Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe

Tá ocht bprionsabal uileghabhálacha mar bhonn faoi fhís *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus tugann siad treoir do scoileanna agus iad dírithe ar an bhfís sin a bhaint amach. Cuireann na prionsabail sin in iúl céard iad na nithe san oideachas bunscoile agus oideachas speisialta a gcuirimid luach orthu agus céard atá i gcroílár na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe ardchaighdeáin i gcuraclam na bunscoile. Tá na prionsabail leathan chun comhthéacsanna éagsúla scoile agus cúinsí, eispéiris agus cumais dhifriúla na bpáistí a chur san áireamh. Dá réir sin, tacaíonn siad le boird bhainistíochta, ceannairí scoile, múinteoirí agus daoine eile ina ndualgais lena chinntiú go gcuirtear oideachas ardchaighdeáin ar fáil do gach páiste inár scoileanna.

Léirítear i dTábla 1 sraith samplaí nach bhfuil uileghabhálach de na prionsabail atá á gcur i ngníomh laistigh den tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*.

**Tábla 1:** Prionsabail na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe


| Prionsabal na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe | Samplaí laistigh den tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* |
|---|---|
| **Measúnú agus dul chun cinn** | • Ag breathnú ar agus ag baint úsáid as réimse ábhar measúnaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí agus bonn eolais a chur faoi fhoghlaim agus teagasc amach anseo in *OSI*<br>• Próifílí curaclaim, tionscadail agus samplaí oibre *OSI* a úsáid chun measúnú agus taifead a dhéanamh ar ghnóthachtálacha le linn a bheith ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe<br>• Leas a bhaint as sonraí measúnaithe mar bhonn eolais faoi eispéiris foghlama amach anseo laistigh de *OSI* agus chun iad a mhúnlú agus a threorú |
| **Gníomhú agus rannpháirtíocht** | • Obair chomhoibríoch a chur chun cinn de réir mar a théann páistí i ngleic le fiosrúcháin agus imscrúduithe stairiúla agus tíreolaíocha<br>• Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun ábhair bunaithe ar an gcuraclam a roghnú don fhiosrúchán, ar léiriú iad ar a gcuid spéiseanna féin, agus eispéiris foghlama shaibhre, spraíúla, tharraingteacha a ullmhú a chuireann spéiseanna nua os comhair na bpáistí<br>• Ag baint leas as réimse cleachtas oideolaíochta agus ag roghnú modhanna páistelárnacha, ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha agus feidhmchláir de réir mar is cuí |
| **Oideachas ionchuimsitheach agus éagsúlacht** | • Cultúr a chothú atá bunaithe ar na Téamaí Foghlama Domhanda seo a leanas: Cearta daonna, an Daonlathas, an Cothromas, an Ceartas sóisialta agus imshaoil, agus an Fhorbairt inbhuanaithe (Cuid 6d)<br>• Spás foghlama sábháilte inrochtana a chruthú d'aistriú gníomhach smaointe, tuairimí agus eolais<br>• Dúshlán a chur roimh steiréitíopaí agus ábhair mhíthuisceana fad is atá ionbhá, meas agus níos mó ná peirspictíocht amháin á gcur chun cinn |
| **Timpeallachtaí foghlama** | • Tabhairt faoin bhfoghlaim ar scoil agus sa timpeallacht áitiúil lasmuigh lena n-áirítear obair fhiúntach allamuigh agus an fhoghlaim áitbhunaithe<br>• Foirgnimh agus suíomhanna is ábhar spéise laistigh den timpeallacht nádúrtha áitiúil agus thógtha a fhiosrú ag amanna oiriúnacha i rith na bliana<br>• Foghlaim na bpáistí a léiriú agus a cheiliúradh, m.sh., obair thionscadail, taispeántais, seóthaispeántais agus na meáin dhigiteacha |
| **Comhpháirtíochtaí** | • Cuireadh a thabhairt do bhaill teaghlaigh, do mhuintir na háite agus/nó do ghrúpaí spéise áitiúla cur leis an bhfoghlaim sa cheantar áitiúil agus faoin gceantar áitiúil<br>• Ag obair go comhoibríoch le staraithe agus tíreolaithe áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta<br>• Comhpháirtíochtaí a chruthú leis an leabharlann, iarsmalann, agus/nó ionad oidhreachta chun rochtain a fháil ar acmhainní (m.sh., leabhair, ailt, grianghraif, léarscáileanna, déantúsáin, agus bailiúcháin) |

| Prionsabal na foghlama, an teagaisc agus an mheasúnaithe | Samplaí laistigh den tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* |
|---|---|
| **Oideolaíocht** | • Úsáid a bhaint as réimse cleachtas oideolaíochta agus an spraíúlacht a chur chun cinn<br>• Deiseanna a chur ar fáil do pháistí chun tabhairt faoi eispéiris foghlama shaibhre taobh amuigh<br>• Uirlisí digiteacha a chomhtháthú (m.sh., turais allamuigh fhíorúla, cuir i láthair ilmheánacha, léarscáiliú digiteach nó ionsamhlóirí eile ar líne) chun feabhas a chur ar thuiscint na bpáistí ar eachtraí stairiúla nó ar fheiniméin thíreolaíochta |
| **Caidrimh** | • Cuireadh a thabhairt do pháistí chun scéalta a roinnt faoi ghnéithe dá gceantar agus dá bpobal<br>• Comhoibriú le muintir an cheantair chun feabhas a chur ar an bhfoghlaim maidir le stair phearsanta, teaghlaigh, na háite agus náisiúnta<br>• Caidrimh mheasúla chomhbhácha a chothú i leith daoine ó chúlraí difriúla éagsúla, agus i leith an dúlra, agus nithe beo eile |
| **Aistrithe agus leanúnachas** | • Ag tosú le topaicí comhtháite bunaithe ar an gcuraclam in *OSI* i gCéim 1 agus Céim 2 agus ag dul i dtreo topaicí atá níos ábharbhunaithe i gCéim 3 agus Céim 4 chun cur leis an eolas ar an ábhar<br>• Ag tógáil ar eispéiris foghlama ó *Aistear* agus ag déanamh forbairt ar eolas, coincheapa, scileanna, meonta agus luachanna bunúsacha chun tacú leis na páistí agus iad ag aistriú chuig an iar-bhunscoil<br>• A chinntiú go bhfiosraítear réimse leathan iomlánaíoch topaicí curaclaim thar Chéim 1 go 4 |

## Eispéiris foghlama na bpáistí in *OSI*

Is éard atá i gceist le *OSI* staidéar ar fheiniméin shóisialta, timpeallachta, chultúrtha, reiligiúnacha, eacnamaíocha agus pholaitiúla. Tá béim stairiúil, thíreolaíoch agus chomhaimseartha ag an réimse curaclaim seo, idir chomhthéacsanna pearsanta agus na hÉireann agus chomhthéacsanna domhanda. Cuimhnítear ann ar na dúshláin a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí. Tá ról tábhachtach aige maidir le (1) tacú le páistí tuiscint a fháil ar shaincheisteanna agus imeachtaí áitiúla, réigiúnacha náisiúnta, Eorpacha agus domhanda agus (2) a gcumas a thógáil le bheith ina saoránaigh ghníomhacha, eolacha, chumhachtaithe, a bhfuil léirthuiscint acu don domhan mórthimpeall orthu. Spreagtar páistí leis an bhfoghlaim sa réimse curaclaim seo tuiscint a fhorbairt ar chórais agus imeachtaí an domhain ina maireann siad, a róil agus a bhfreagrachtaí mar chosantóirí an phláinéid seo a aithint, agus páirt a ghlacadh sa tsochaí ar bhealach cóir comhbhách inbhuanaithe.





## Forléargas ar an tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

Cuireann na caibidlí tosaigh den tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* an Réasúnaíocht, na hAidhmeanna, Snáitheanna, Snáithaonaid, Gnéithe agus Torthaí Foghlama i láthair. I gCaibidil 6, soláthraítear treoir maidir leis an gcuraclam agus é i bhfeidhm, agus sna caibidlí deireanacha cuirtear forléargas i láthair ar na tacair uirlisí ar líne, an ghluais agus na tagairtí.

Tacaíonn Tacar Uirlisí Churaclam na Bunscoile ar líne agus Tacar Uirlisí *OSI* leis an tsonraíocht *OSI*. Cuirtear réimse tacaíochtaí ar fáil sna tacair uirlisí ar líne sin chun an curaclam a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tacaíochtaí do phleanáil curaclaim, ionchuimsiú, measúnú agus oideolaíocht. Is féidir teacht ar leagan ar líne den tsonraíocht agus de na tacair uirlisí ach cuairt a thabhairt ar www.curriculumonline.ie.

**Inneachar na sonraíochta don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil***

- **Réasúnaíocht, Aidhmeanna, Snáitheanna & Gnéithe**
- **Torthaí Foghlama**
- **An Curaclam don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* i bhFeidhm**

**Tacar Uirlisí Churaclam na Bunscoile ar líne**

**Tacar Uirlisí don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* ar líne**

- **Ábhair thacaíochta do mhúinteoirí**
- **Samplaí d'fhoghlaim na bpáistí**
- **Tacaíochtaí le haghaidh dul chun cinn**

**Fíor 1:** Inneachar na sonraíochta don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

## 2. Réasúnaíocht

Is réimse curaclaim comhtháite é *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* (*OSI*) ina mbaintear leas as an Stair agus an Tíreolaíocht agus ina n-ionchorpraítear foghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha. Laistigh den réimse curaclaim seo, déanann páistí fiosrú ar a n-oidhreacht féin agus ar oidhreacht daoine eile, déanann siad machnamh ar cé iad féin, cárb as dóibh, cén áit is dual dóibh agus cén chaoi a gcuireann siad leis an tsochaí ina maireann siad. Cothaítear braistint féiniúlachta na bpáistí in *OSI*, trí éascaíocht a dhéanamh ar iniúchadh saincheisteanna agus imeachtaí áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda, agus tuiscint a chothú ar na heispéiris, cultúir, traidisiúin, luachanna agus timpeallachtaí éagsúla ar fud amanna agus áiteanna difriúla.

### Stair laistigh de *OSI*

Baineann Stair laistigh de *OSI* le tionchar an ama atá caite ar an am i láthair agus déantar iniúchadh ar thaithí an duine le himeacht aimsire inti. Cuireann páistí lena mbraistint féiniúlachta, go pearsanta, mar bhaill dá dteaghlach, go náisiúnta agus mar bhaill de phobail eile. Aithníonn siad cén chaoi ar múnlaíodh a bhféiniúlacht le heispéiris chultúrtha agus shóisialta go leor daoine difriúla san am atá caite. Cuirtear forbairt na scileanna stairiúla agus tuiscint ar choincheapa stairiúla chun cinn in '*Ag obair mar staraí*'. Cuireann sé le bunú luachanna agus cothaíonn sé meon dearfach i leith na Staire.

### Tíreolaíocht laistigh de *OSI*

Baineann an Tíreolaíocht laistigh de *OSI* le staidéar ar an Domhan, a áitritheoirí agus a n-idirghníomhaíochtaí i gcomhthéacs na háite, an spáis agus na timpeallachta. Leis an bhfoghlaim sa Tíreolaíocht, cabhraítear le páistí tuiscint a fháil ar a dtimpeallacht (áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus dhomhanda) agus braistint féiniúlachta a chothú mar aon le feasacht ar thimpeallachtaí, daoine, áiteanna agus na hidirnaisc atá eatarthu. Cuirtear forbairt na scileanna tíreolaíocha agus tuiscint ar choincheapa tíreolaíocha chun cinn in '*Ag obair mar thíreolaí*'. Cuireann sé le bunú luachanna agus cothaíonn sé meon dearfach i leith na Tíreolaíochta.

### Cuirtear le forbairt na bpáistí mar shaoránaigh ghníomhacha in *OSI*

Forbraíonn páistí an t-eolas, an tuiscint, na scileanna, na meonta agus na luachanna a chuireann ar a gcumas páirt ghníomhach a ghlacadh ina bpobail agus ar domhan mar bhaill ghníomhaíocha, eolacha, ionbháúla, mheasúla agus thuisceanacha de shochaí ilchinéalach dhaonlathach.

### Spreagtar fiosracht agus iontas nádúrtha na bpáistí in *OSI*

Cothaítear fiosracht, meon oscailte, ionadh agus iontas na bpáistí trí chur chuige comhtháite a bhfuil an fiosrúchán ina chroílár. Tugtar deiseanna do pháistí an dúlra, daoine, agus áiteanna a fhiosrú, san am i láthair agus san am atá caite. Músclaítear spéis sa réimse curaclaim seo a d'fhéadfadh a bheith ag na páistí ar feadh a saoil.

### Tacaítear le todhchaí inbhuanaithe in *OSI*

Tugtar an t-am agus an spás do pháistí idirghníomhú ar bhealach lánbhrí leis an dúlra thart timpeall orthu. Faigheann siad tuiscint ar a luach agus a bhfreagrachtaí mar chaomhnóirí air, ag forbairt braistint maoirseachta aonair agus choiteann faoin timpeallacht.

### Cuirtear smaointeoireacht chriticiúil na bpáistí chun cinn in *OSI*

Baineann páistí leas as réimse scileanna mar shampla ceisteanna a chur, buillí faoi thuairim a thabhairt, hipitéisí a thabhairt agus anailís a dhéanamh. Spreagtar an smaointeoireacht chriticiúil leis na scileanna sin, toisc go ndéanann páistí critíc ar réimse fianaise a bhfuil leagan amach difriúil uirthi. Déantar machnamh ar ghníomhartha daonna san am atá caite agus san am i láthair, agus scrúdaítear cúiseanna agus impleachtaí na ngníomhartha sin.

### Aithnítear agus léirítear léirthuiscint ar oidhreacht shaibhir na hÉireann, na hEorpa agus an domhain mhóir in *OSI*

Fiosraíonn páistí a n-oidhreacht féin agus oidhreacht daoine eile. Éiríonn siad feasach ar na daoine aonair, na heachtraí, na traidisiúin, na cultúir, na reiligiúin, na creidimh agus na luachanna, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an Lucht Siúil, a raibh tionchar acu ar shaol na ndaoine san am atá caite agus lenar múnlaíodh an tsochaí chomhaimseartha in Éirinn, san Eoraip agus ar domhan.

# 3. Aidhmeanna

Tugtar breac-chuntas sa chaibidil seo ar na seacht n-aidhm atá mar bhonn faoin bhfoghlaim, teagasc agus measúnú in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* (*OSI*). Le chéile, cuireann siad feabhas ar thuiscint na bpáistí ar an domhan laistigh de chomhthéacsanna tábhachtacha stairiúla, tíreolaíocha agus cultúrtha. Trí bheith ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe, faigheann páistí an t-eolas, na scileanna, na meonta agus na luachanna chun maireachtáil mar bhaill eolacha, ghníomhacha agus chomhbhácha de phobail áitiúla agus níos leithne. Bíonn eispéiris foghlama na bpáistí in *OSI* bunaithe ar bhreithnithe le haghaidh foghlaim áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus dhomhanda. Áirítear orthu sin cearta daonna; an daonlathas; an cothromas; ceartas sóisialta; agus an fhorbairt inbhuanaithe.

## Tá sé mar aidhm ag an tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* go mbeidh páistí in ann:

### nascadh lena bhfiosracht, samhlaíocht agus iontas nádúrtha.

Taithí a fháil ar thimpeallachtaí foghlama éagsúla – taobh istigh agus amuigh faoin aer – ag fiosrú, ag idirghníomhú agus ag iniúchadh ina gceantar áitiúil agus níos faide i gcéin.

### a smaointeoireacht chriticiúil agus rannpháirteachas gníomhach a chothú.

Daoine, áiteanna agus córais thart timpeall orthu ina bpobal, ina dtír agus ar domhan a cheistiú agus a fhiosrú. Breithiúnais eolacha a dhéanamh agus páirt ghníomhach a ghlacadh i múnlú sochaí atá cóir, ionchuimsitheach.

### a scileanna réitigh fadhbanna agus scileanna anailíseacha a fheabhsú.

Leas a bhaint as a gcuid eolais agus scileanna chun dul i ngleic le dúshláin agus iad a chumasú chun an t-am i láthair agus todhchaí níos inbhuanaithe ó thaobh na timpeallachta, na sochaí agus na heacnamaíochta de a chur chun cinn.

### a bhfeasacht chultúrtha a shaibhriú.

Tuiscint a fhorbairt ar thraidisiúin, cultúir, reiligiúin, creidimh, cruinneshamhlacha agus oidhreachtaí éagsúla, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an Lucht Siúil, i dtréimhsí, áiteanna agus cúinsí difriúla.

### a bhfeasacht thíreolaíoch a chothú.

Tuiscint a chothú ar thréithe fisiciúla, sóisialta agus cultúrtha an domhain, lena n-áirítear na caidrimh agus an idircheangailteacht idir daoine, áiteanna agus an timpeallacht.

### a bhfeasacht stairiúil a chothú.

Sochaithe, cultúir agus cruinneshamhlacha a fhiosrú thar réanna difriúla, ag forbairt léirthuisceana do chastachtaí na staire daonna agus neamhdhaonna.

### an tsaoránacht Éireannach, Eorpach agus dhomhanda a chur chun cinn.

Braistint idircheangailteachta a chothú leis an domhan trí chultúir éagsúla, timpeallachtaí agus saincheisteanna áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, Eorpacha agus domhanda a fhiosrú.



## 4. Snáitheanna agus Gnéithe

### Snáitheanna

Léiríonn snáitheanna na príomhchatagóirí d'fhoghlaim páistí in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* (*OSI*). Seo a leanas na trí shnáithe:

- Mo cheantar
- Oileán na hÉireann
- An Eoraip agus an domhan mór

### Snáithaonaid

Tá sraith de shnáithaonaid chomónta i ngach snáithe in *OSI*. Is iad seo na snáithaonaid:

- Féiniúlacht agus oidhreacht
- An tImshaol agus an mhaireachtáil inbhuanaithe
- Daoine agus áiteanna

Agus an curaclam á roinnt i snáitheanna agus snáithaonaid, soláthraítear formáid áisiúil inar féidir na Torthaí Foghlama a chur i láthair. É sin ráite, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil na snáitheanna agus na snáithaonaid idirspleách agus nach bhfuil siad scoite ina gcodanna.


### Gnéithe

Déanann gnéithe cur síos ar na próisis a mbíonn páistí ag gabháil dóibh agus iad ag foghlaim in *OSI*. Tacaíonn na gnéithe sin lenár dtuiscint ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí. Is iad seo a leanas na trí ghné in *OSI*:

- Fiosrú
- Cumarsáid
- Tuiscint agus ceangal

**Tábla 2:** Gnéithe sa tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

| Gné | Cur síos |
|---|---|
| **Fiosrú** | Pléann páistí leis an bhfiosrú mar ghné riachtanach agus iad ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe in *OSI*. Leis an ngné a bhaineann le fiosrú, pléann na páistí le réimse fianaise, tagann siad aníos le ceisteanna, baineann siad tátail as rudaí, lorgaíonn siad soiléiriú agus iniúchann siad topaicí bunaithe ar an gcuraclam go mion.<br><br>Baineann an fhoghlaim trí fhiosrú in *OSI* leas as braistint iontais nádúrtha na bpáistí, á spreagadh chun ceisteanna a chur faoin domhan mórthimpeall orthu agus machnamh a dhéanamh air. De réir mar a bhogann páistí ar aghaidh tríd an scoil, cuirtear lena rannpháirteachas le foinsí agus tosaíonn siad ag scrúdú fianaise le súil chriticiúil, ag déanamh meastóireacht ar a hiontaofacht, a hábharthacht, agus a claontacht fhéideartha.<br><br>Cuirtear tuairimí, cultúir agus comhthéacsanna éagsúla i láthair na bpáistí le fiosrú freisin, ag cothú ionbhá, tuiscint chultúrtha agus léirthuiscint don éagsúlacht dhaonna. Fiosraíonn páistí cúiseanna agus iarmhairtí eachtraí stairiúla agus scrúdaíonn siad castachtaí na bpatrún tíreolaíoch. |
| **Cumarsáid** | Pléann páistí leis an gcumarsáid mar ghné riachtanach agus iad ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe in *OSI*. Agus páistí ag tabhairt aghaidh ar an bhfiosrú agus ar an iniúchadh, roinneann siad smaointe agus an méid a aimsíonn siad lena bpiaraí, lena múinteoirí agus leis an bpobal scoile i gcoitinne trí réimse foirmeacha éagsúla cumarsáide.<br><br>Tógann páistí caidrimh chomhbhácha agus coinníonn siad ag imeacht iad laistigh den phobal scoile agus taobh amuigh de, rud a thacaíonn leis an gcumarsáid dhá bhealach. Tugann sé sin deiseanna dóibh éisteacht le, agus freagairt do scéalta agus do pheirspictíochtaí daoine eile.<br><br>Is féidir leis an rannpháirteachas agus leis an gcumarsáid dhiongbháilte le staraithe agus le tíreolaithe agus le daoine eile a bhfuil an t-eolas agus an taithí ábhartha acu tionchar dearfach a imirt ar rannpháirteachas, spreagadh agus foghlaim na bpáistí. |
| **Tuiscint agus ceangal** | Díríonn páistí atá ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe in *OSI* ar cheangail idir daoine agus áiteanna – go háitiúil, go náisiúnta, ar leibhéal na hEorpa agus go domhanda – chomh maith leis na naisc idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair. Spreagtar páistí le ceisteanna a chur, smaoineamh go criticiúil agus machnamh a dhéanamh i bpróiseas na tuisceana agus an cheangail.<br><br>Ag tógáil ar eispéiris foghlama ón réamhscoil agus ón mbaile, is féidir leis an bhfoghlaim spraíúil tharraingteach ar scoil deis a thabhairt do pháistí a dtuiscint a nascadh le comhthéacsanna san fhíorshaol, a bhfuil cur amach acu orthu. Tugann an cur chuige sin deis dóibh tuiscint a fháil ar imeachtaí, córais agus próisis ar domhan.<br><br>Is féidir ceangal níos doimhne a chothú leis an dúlra le heispéiris dhíreacha leis an timpeallacht nádúrtha tríd an bhfoghlaim taobh amuigh. Cabhraíonn sé sin le páistí tuiscint agus feasacht a fhorbairt ar a róil agus ar a bhfreagrachtaí ó thaobh an dúlra a fheabhsú agus a chosaint. |




**Fíor 2:** Na snáitheanna agus na gnéithe sa tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*





# 5. Torthaí Foghlama


Chun cumas gach páiste a chothú, tá sé tábhachtach go gcuirtear Torthaí Foghlama in iúl go soiléir. Sa chaibidil seo, cuirtear i láthair Torthaí Foghlama don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* (*OSI*). Le Torthaí Foghlama déantar cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt bheartaithe do na páistí uile i ndeireadh céim dhá bhliain, nuair a chuirtear cumais aonair agus cúinsí éagsúla san áireamh go cuí. Díríonn siad ar thuiscint na bpáistí, ar a dtagann forbairt ach eolas, scileanna, coincheapa, meonta, dearcthaí agus luachanna a shealbhú agus a chothú de réir a chéile in *OSI*.

Agus na prionsabail agus na cuir chuige oideolaíochta i g*Creatchuraclam na Bunscoile* á léiriú, baintear úsáid as an 'bhfréamh' '*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha*' chun na Torthaí Foghlama a chur i láthair i ngach céim. Is é an aidhm atá ag an bhfréamh seo ná timpeallacht foghlama a chothú ina n-éascaítear eispéiris shaibhre foghlama, mar atá leagtha amach i gCaibidil 6, 'An Curaclam don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* i bhFeidhm'.

Foghlaimíonn páistí agus múineann múinteoirí i gcomhthéacsanna éagsúla. Tá na Torthaí Foghlama in *OSI* leathan agus cothromaithe chun cumas gníomhúcháin múinteoirí agus solúbthacht a éascú i scoileanna. I bhfianaise a leithne atá siad, le linn do mhúinteoirí a bheith ag obair le Torthaí Foghlama, is féidir leo díriú ar ghnéithe sonracha den fhoghlaim, agus an comhthéacs agus réamhfhoghlaim na bpáistí á gcur san áireamh. Le linn do mhúinteoirí a bheith ag ullmhú d'eispéiris foghlama agus teagaisc, is féidir leo díriú ar ghnéithe ar leith de Thoradh Foghlama nó, in amanna, ar ghnéithe de Thorthaí Foghlama iomadúla. Tá Torthaí Foghlama Chéimeanna 1 agus 2 comhtháite go hiomlán, ag aithint aoiseanna agus chéimeanna forbartha na bpáistí óga agus ag cur bunchloch thábhachtach ar fáil le haghaidh foghlaim shainiúil don ábhar ag Céimeanna 3 agus 4. Ag tógáil ar Chéimeanna 1 agus 2, tugtar breac-chuntas i gCéimeanna 3 agus 4 ar eolas, coincheapa, scileanna, meonta, dearcthaí agus luachanna stairiúla agus tíreolaíocha sonracha. Léiríonn siad feasacht mhéadaithe na bpáistí ar ábhair mar bhealach chun an domhan a eagrú. Leantar fós ag cur deiseanna tábhachtacha ar fáil leo don fhoghlaim, teagasc agus measúnú ar bhealach comhtháite.

## Príomhinniúlachtaí

Tá seacht bpríomhinniúlacht i gcuraclam na bunscoile a fhorluíonn agus a thagann le chéile chun tacú le fís an churaclaim. De réir mar a leagtar amach i g*Creatchuraclam na Bunscoile* iad, tógann na hinniúlachtaí ar na cumais a shealbhaíonn páistí le linn a n-eispéireas oideachais luath-óige le *Aistear* agus neartaítear níos mó iad san iar-bhunscoil trí eispéiris foghlama arna múnlú ag an g*Creat don tSraith Shóisearach*. Agus na páistí ag obair i dtreo na dTorthaí Foghlama sa tsonraíocht don *OSI* agus ag tabhairt faoi eispéiris shaibhre foghlama, tógtar agus forbraítear na príomhinniúlachtaí sin ag an am céanna.




**Fíor 3:** Príomhinniúlachtaí

**Tábla 3:** Samplaí de thréithe gach príomhinniúlachta a fhorbraítear trí fhoghlaim sa tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

| Príomhinniúlacht | Samplaí de thréithe a fhorbraítear trí fhoghlaim sa tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* |
|---|---|
| **A bheith i do shaoránach gníomhach** | • Tabhairt faoi fhiosrúchán chun anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar fhianaise, ag cur tuiscint chriticiúil ar an domhan ina mairimid chun cinn<br>• Ag cur le cinnteoireacht eolasach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar leith agus/nó deiseanna sa phobal, ag cur ar chumas na bpáistí cur go gníomhach le hathrú dearfach ag leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta, Eorpach agus domhanda |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach** | • Gníomhú mar chosantóirí an phláinéid seo chun freagrachtaí a chomhlíonadh maidir le haire a thabhairt don timpeallacht agus an domhan nádúrtha a chaomhnú<br>• Feasacht a léiriú ar chultúir, creidimh, reiligiúin, traidisiúin, agus cruinneshamhlacha éagsúla ón am atá caite agus ón am i láthair, ag cur ionchuimsitheacht agus meas chun cinn i gcaidrimh le daoine eile |
| **A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid** | • Páirt a ghlacadh sa scéalaíocht, éisteacht le scéalta daoine eile faoi imeachtaí agus faoi eispéiris le himeacht aimsire<br>• Ábhair a léamh agus a léirmhíniú, ar nós téacsanna stairiúla, léarscáileanna nó déantúsáin chultúrtha, ceangail a aimsiú idir na foinsí éagsúla, agus na torthaí a chur i láthair i réimse formáidí |
| **A bheith cruthaitheach** | • Foinsí a scrúdú go criticiúil agus le fiosracht, ó pheirspictíochtaí éagsúla, ag baint leas as braistint iontais agus ionaidh nádúrtha na bpáistí<br>• Páirt a ghlacadh in eispéiris foghlama rannpháirtíocha spraíúla, ag tabhairt freagra cruthaitheach ar scéalta maidir le heachtraí stairiúla agus fionnachtana tíreolaíocha |
| **A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach** | • Úsáid a bhaint as réimse teicneolaíochtaí digiteacha chun dul i ngleic le fianaise agus sonraí a thugann léargais ar imeachtaí san am atá thart agus ar imeachtaí reatha<br>• Acmhainní ilmheánacha (ar nós físeáin, cláir faisnéise, léarscáileanna idirghníomhacha, Córais Faisnéise Geografaí (CFG) agus an Réaltacht Fhíorúil/an Réaltacht Bhreisithe) a ionchorprú sna heispéiris foghlama agus ábhar físiúil/fuaime/fíorúil a chruthú a bhaineann le fiosrúchán stairiúil agus tíreolaíoch |
| **A bheith matamaiticiúil** | • Clocha míle a chur in ord agus a thaifeadadh ina saolta féin agus i bpríomheachtraí stairiúla<br>• Faisnéis agus sonraí ó réimse foinsí fianaise agus léarscáileanna a léirmhíniú, a phróiseáil agus a mheas, agus an fheasacht ar spásúlacht a chur i bhfeidhm sa rannpháirteachas le hobair allamuigh (m.sh., achair a clúdaíodh a thomhas agus patrúin agus treochtaí a shainaithint, srl.) |
| **A bheith slán** | • Am fiúntach a chaitheamh amuigh faoin aer, ag léirthuiscint áilleacht an domhain nádúrtha agus ag léiriú gean ar dhaoine, áiteanna agus spásanna ina dtimpeallacht<br>• Tuairimí a chur in iúl agus scéalta agus samplaí a roinnt de nósanna agus de thraidisiúin i spás sábháilte |

Chun cabhrú le múinteoirí na príomhinniúlachtaí atá leabaithe laistigh de na Torthaí Foghlama a shainaithint, cuirtear túslitreacha taobh le gach Toradh Foghlama, mar atá mínithe i dTábla 4. I ngach cás, sainaithnítear suas le trí phríomhinniúlacht. Ba cheart a lua go dtarlaíonn sé go minic go mbíonn príomhinniúlachtaí eile, taobh amuigh de na trí cinn a sainaithníodh, leabaithe sna Torthaí Foghlama freisin.

**Tábla 4:** Eochair eolais na príomhinniúlachta

| Túslitreacha | Príomhinniúlacht |
|---|---|
| SG | A bheith i do shaoránach gníomhach |
| FG | A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach |
| CT | A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid |
| C | A bheith cruthaitheach |
| FD | A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach |
| M | A bheith matamaiticiúil |
| S | A bheith slán |



## Coincheapa agus scileanna

Tá na coincheapa agus na scileanna a ghabhann le '*Ag obair mar thíreolaí*' agus '*Ag obair mar staraí*' ina mbloic thógála riachtanacha le haghaidh *OSI*. Cosúil leis na príomhinniúlachtaí, tá ról ríthábhachtach acu maidir le bonn taca a chur faoi na Torthaí Foghlama i ngach céim den churaclam. D'fhéadfadh na coincheapa agus na scileanna pointí iontrála agus tagartha úsáideacha a chur ar fáil maidir le hullmhúchán, teagasc agus measúnú. Is féidir leo freisin eolas agus tuiscint thábhachtach a chur i gcuimhne do mhúinteoirí ag gach céim.

Sainaithnítear na coincheapa i dTábla 5 agus sainaithnítear na scileanna i dTábla 6 a ghabhann le '*Ag obair mar thíreolaí*' agus '*Ag obair mar staraí*' a ndéantar cur síos níos mionsonraithe orthu in Aguisín A.

**Tábla 5:** Coincheapa *OSI*

| Coincheapa | |
|---|---|
| **Coiteann, stairiúil agus tíreolaíoch** | |
| **Ionbhá** | Ionbhá, tuiscint agus meas na bpáistí do pheirspictíochtaí difriúla a chothú, ag ceadú ionchur fónta i sochaí ina bhfuil éagsúlacht |
| **Níos mó ná peirspictíocht amháin** | Smaoineamh ar réimse dearcthaí, tuairimí nó peirspictíochtaí nuair a dhéantar anailís ar imeachtaí, téamaí nó topaicí ar leith |
| **Stairiúil** | |
| **Cúis agus éifeacht** | Tuiscint a fhorbairt gur féidir le heachtraí san am atá caite níos mó ná cúis agus éifeacht amháin a bheith acu |
| **Athrú agus leanúnachas** | Cosúlachtaí agus difríochtaí idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair a scrúdú agus a chur i gcomparáid lena chéile, ag fiosrú patrún agus treochtaí |
| **Am agus cróineolaíocht** | Tuiscint a fháil ar shraith imeachtaí (ón am atá caite, ón am i láthair, agus a tharlóidh amach anseo) agus cén nasc atá eatarthu le himeacht aimsire |
| **Tíreolaíoch** | |
| **Tuiscint ar imshaol agus inbhuanaitheacht** | Tuiscint a fháil ar an gcaidreamh idir daoine agus an timpeallacht nádúrtha chun maoirseacht fhreagrach a chur chun cinn don todhchaí |
| **Tuiscint ar áit** | Tuiscint a fháil ar fhéiniúlacht uathúil agus buncharachtar suímh, arna múnlú ag daoine agus próisis nádúrtha |
| **Tuiscint ar spás** | Tuiscint a fhorbairt ar conas atá áiteanna nasctha, eagraithe agus lonnaithe maidir lena chéile |

**Tábla 6:** Scileanna *OSI*

| Scileanna | |
|---|---|
| **Coiteann, stairiúil agus tíreolaíoch** | |
| **Ceistiúchán** | An cumas faisnéis a lorg, smaointe a shoiléiriú agus tuiscint níos doimhne a fhiosrú tríd an bhfiosrúchán |
| **Iniúchadh** | An cumas faisnéis a fhiosrú agus a bhailiú ar bhealach córasach chun tuiscint a fháil ar thopaic nó fadhb a réiteach |
| **Úsáid a bhaint as fianaise agus foinsí** | An cumas faisnéis iontaofa a roghnú, a mheas agus a chur i bhfeidhm chun tacú le smaointe nó le hargóintí |
| **Léirmhíniú agus anailísiú** | Faisnéis a scrúdú go criticiúil agus tátail fhiúntacha a bhaint aisti |
| **Meastóireacht agus cinnteoireacht** | Faisnéis ó réimse foinsí a mheas, chun roghanna eolacha a dhéanamh agus údar a thabhairt le tátail |
| **Cumarsáid** | Faisnéis, smaointe agus léirmhínithe a chur in iúl, a bhaineann le hiniúchtaí agus le fiosrúcháin ag baint úsáid as réimse leathan meán |
| **Stairiúil** | |
| **Smaointeoireacht chróineolaíoch** | Tuiscint a fháil ar imeachtaí agus iad a eagrú in ord cróineolaíoch, ag aithint conas a imríonn an t-am tionchar ar an athrú agus ar an leanúnachas san am atá caite |
| **Smaointeoireacht stairiúil** | Fianaise ón am atá caite a scrúdú agus a léirmhíniú chun tuiscint a fháil, chun ceistiú agus chun scéalta stairiúla a chruthú |
| **Tíreolaíoch** | |
| **Mapáil / Grafacht** | Tabhair faoi léarscáileanna a dhéanamh agus a léamh, agus bunchloch na léarscáilíochta á cur i bhfeidhm – suíomh, scála, siombailí, peirspictíocht agus treo |
| **Léirmhíniú físiúil agus cumarsáid fhísiúil** | Léirithe físiúla agus fíorúla d'áiteanna agus timpeallachtaí a fhiosrú, a chruthú agus freagairt dóibh, ag baint úsáid as réimse meán éagsúil |

## Torthaí Foghlama don Snáithe: **Mo cheantar**

| Snáithaonad | Céim 1<br>Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | Céim 2<br>Rang a haon agus a dó | Céim 3<br>Rang a trí agus a ceathair | Céim 4<br>Rang a cúig agus a sé |
|---|---|---|---|---|
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Féiniúlacht agus oidhreacht** | imeachtaí agus clocha míle tábhachtacha ina saol féin agus i saol na ndaoine atá tábhachtach dóibh a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu. C, CT, FG | gnéithe dá n-oidhreacht áitiúil a scrúdú agus machnamh a dhéanamh orthu, agus conas a chaomhnaíonn siad ceangail chuig an am atá caite. FG, C, FD | **Stair**<br>taighde a dhéanamh ar ghnéithe de scéal a gceantair agus oileán na hÉireann, lena n-áirítear imeachtaí tábhachtacha, daoine, nósanna agus bunús logainmneacha. FG, CT, S | **Stair**<br>stair a scoile a iniúchadh i gcomhthéacs na bhforbairtí oideachasúla níos leithne in Éirinn. FG, CT, S |
| | éisteacht le, agus freagairt do scéalta faoi dhaoine ina gceantar – a reiligiúin, creidimh dhifriúla agus na traidisiúin agus cleachtais lena mbaineann. FG, SG, CT | feasacht a fhorbairt ar reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha ina gceantar, ag plé le réimse foinsí agus scéalta. FG, SG, CT | **Stair**<br>patrúin shonracha an athraithe nó an leanúnachais a shainaithint maidir le conas a bhíonn glúnta difriúla sa cheantar ag maireachtáil agus ag obair. FG, C, CT | **Stair**<br>na cosúlachtaí agus na difríochtaí i saol na ndaoine ina gceantar, san am atá caite agus san am i láthair araon, a shainaithint agus a phlé. FG, C, CT |
| **An tImshaol agus an mhaireachtáil inbhuanaithe** | nascadh leis an dúlra agus an saol amuigh faoin aer agus iad a fhiosrú, ag breathnú ar nithe beo agus ar ghnéithe fisiciúla den cheantar áitiúil. SG, C, S | gnéithe fisiciúla den timpeallacht nádúrtha áitiúil a shainaithint, nascadh leo, agus cur síos a dhéanamh orthu, ag féachaint ar athruithe a tharlaíonn le himeacht aimsire. C, S, CT | **Tíreolaíocht**<br>gnéithe fisiciúla den timpeallacht áitiúil, nádúrtha a iniúchadh, a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu, amhail aibhneacha, sléibhte, lochanna, farraigí, oileáin, an bhithéagsúlacht, srl., ag sainaithint deiseanna le páirt a ghlacadh i bhfeabhas a chur orthu agus iad a chosaint. SG, FG, CT | **Tíreolaíocht**<br>cleachtais inbhuanaithe a scrúdú (sóisialta, timpeallacht, eacnamaíoch) sa phobal áitiúil mar aon leis na céimeanna is féidir le daoine a ghlacadh chun an mhaireachtáil inbhuanaithe a chur chun cinn. SG, FG, S |
| | monatóireacht a dhéanamh ar athruithe a thagann ar an timpeallacht nádúrtha áitiúil i rith na séasúr agus iad a thaifeadadh. FG, C, M | tosú ag aithint an luacha agus na tábhachtacha a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a chosaint, mar shampla flóra agus fána, sa cheantar, ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe. SG, C, S | **Tíreolaíocht**<br>anailís a dhéanamh ar conas a úsáidtear agus a bhainistítear acmhainní, amhail uisce, talamh, bia agus iompar sa cheantar. SG, FG, CT | **Tíreolaíocht**<br>bealaí a iniúchadh agus a mheas le hacmhainní a bhainistiú go hinbhuanaithe, amhail uisce, talamh, bia agus iompar sa cheantar. SG, FG, CT |

**Na príomhinniúlachtaí:**

| | | |
|---|---|---|
| SG = A bheith i do shaoránach gníomhach | FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid |
| C = A bheith cruthaitheach | FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | M = A bheith matamaiticiúil; S = A bheith slán |

| Torthaí Foghlama don Snáithe: **Mo cheantar** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Snáithaonad** | **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Daoine agus áiteanna** | gnéithe nádúrtha agus tógtha sa cheantar áitiúil a shainaithint, ag léiriú feasacht ar suíomh. FG, C, M | gnéithe suntasacha nádúrtha agus tógtha sa cheantar áitiúil a shainaithint, a fhiosrú agus cur síos a dhéanamh orthu. FG, C, M | **Stair** réimse tithe a iniúchadh sa réigiún agus machnamh a dhéanamh ar na hathruithe a tháinig orthu le himeacht aimsire, lena n-áirítear comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir stíleanna, déantúsáin tí a scrúdú mar aon le haois na bhfoirgneamh. FG, CT, M | **Stair** éisteacht le, machnamh agus taifead a dhéanamh ar scéalta na bhfear, na mban agus na bpáistí, san am atá caite nó san am i láthair, a raibh an-tionchar acu ar an saol áitiúil nó náisiúnta. FG, C, CT |
| | éirí feasach ar éagsúlacht na ndaoine atá ina gcónaí agus ag obair sa phobal áitiúil. SG, FG, S | iniúchadh a dhéanamh ar an bhfáth a bhfuil tábhacht ar leith ag baint le suíomhanna inspéise nó spásanna sácráilte sa cheantar do dhaoine a bhfuil reiligiúin nó traidisiúin chultúrtha dhifriúla acu. FG, C, FD | **Tíreolaíocht** gnáthghníomhaíochtaí eacnamaíocha na ndaoine sa cheantar a scrúdú, amhail bia agus feirmeoireacht, foraoiseacht, iascaireacht, tionscal, seirbhísí, turasóireacht, áineas, srl., agus na hathruithe a tháinig orthu le himeacht aimsire á bhfiosrú. FG, C, CT | **Tíreolaíocht** na seirbhísí sa phobal a bhfuil an rialtas áitiúil agus grúpaí pobail freagrach astu a shainaithint agus tuiscint a fhorbairt orthu. SG, FG, CT |

**Na príomhinniúlachtaí:**
SG = A bheith i do shaoránach gníomhach FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
C = A bheith cruthaitheach FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach M = A bheith matamaiticiúil S = A bheith slán

| Tortharí Foghlama don Snáithe: **Oileán na hÉireann** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Snáithaonad** | **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Féiniúlacht agus oidhreacht** | éisteacht le, agus freagairt do scéalta, miotais agus finscéalta. C, CT, FG | éisteacht le, freagairt do, machnamh a dhéanamh ar réimse scéalta, miotais agus finscéalta agus iad a athinsint. C, CT, FG | **Stair** samplaí den bhéaloideas, spóirt, ealaíona, agus caithimh aimsire náisiúnta ar léiriú agus ceiliúradh iad ar fhéiniúlacht na hÉireann le himeacht aimsire a bhailiú, a thaifeadadh agus a roinnt. FG, C, CT | **Stair** imeacht(aí) tábhachtacha i stair a gcontae a iniúchadh agus machnamh criticiúil a dhéanamh orthu. SG, FG, CT |
| | | | **Stair/Tíreolaíocht Reiligiúin, Creidimh agus Cruinneshamhlacha** a aithint conas a mhúnlaíonn creidimh, luachanna agus traidisiúin féiniúlacht phearsanta agus shóisialta in Éirinn agus cur síos a dhéanamh air. FG, CT, S | **Stair** forbairtí agus/nó coimhlintí móra a fhiosrú i réanna difriúla i stair na hÉireann, amhail an Tréimhse Neoiliteach, an Chré-umhaois agus Iarannaois, an Luathré Chríostaí, an Mheánaois, an Nua-aois Luath agus Éire na Nua-aoise. SG, FG, C |
| **An tImshaol agus an mhaireachtáil inbhuanaithe** | breathnú ar thionchair na ndálaí aimsire agus na n-athruithe séasúracha ar dhaoine, ainmhithe agus plandaí agus iad a thaifeadadh. FG, SG, M | breathnú ar réimse dálaí aimsire agus iad a fhiosrú, mar aon leis an tionchar a bhíonn acu ar shaol laethúil daoine ó thaobh na feirmeoireachta, na hiascaireachta, an taistil, an spóirt, na n-imeachtaí, an oideachais, srl. de. FG, SG, CT | **Tíreolaíocht** iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar fhreagair daoine do dheiseanna agus dúshláin na timpeallachta nádúrtha in Éirinn ar bhealaí difriúla. SG, FG, CT | **Tíreolaíocht** cur síos a dhéanamh ar roinnt próisis fhisiciúla lena gcruthaítear nó lena n-athraítear gnéithe den timpeallacht nádúrtha in Éirinn, amhail an síonchaitheamh, an creimeadh, tionchair bholcánacha, theicteonacha, tuilte, sil-leagain, taoide, srl. SG, FG, FD |
| | | tábhacht roinnt gnéithe fisiciúla den timpeallacht nádúrtha in Éirinn amhail aibhneacha, sléibhte, lochanna, farraigí, oileáin, srl. a shainaithint, a iniúchadh agus a aithint. FG, C, CT | | **Tíreolaíocht** an tionchar a bhíonn ar infhaighteacht theoranta acmhainní ar ghníomhaíochtaí trádála agus eacnamaíocha a fhiosrú, amhail bia agus feirmeoireacht, foraoiseacht, iascaireacht, tionscal, seirbhísí, turasóireacht, áineas, srl. in Éirinn. SG, FG, FD |

**Na príomhinniúlachtaí:**

SG = A bheith i do shaoránach gníomhach; FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach; CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
C = A bheith cruthaitheach; FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach; M = A bheith matamaiticiúil; S = A bheith slán

| Torthaí Foghlama don Snáithe: **Oileán na hÉireann** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Snáithaonad** | **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Daoine agus áiteanna** | traidisiúin a fhiosrú a bhaineann le réimse féilte agus deasghnáth in Éirinn, lena n-áirítear searmanais, scéalta, filíocht, ceol agus/nó damhsa. FG, C, CT | machnamh a dhéanamh ar róil na ndaoine sa phobal agus ag leibhéal náisiúnta, ag déanamh cur síos ar an athrú a tháinig ar a mbealaí oibre le himeacht aimsire. FG, CT, S | **Stair** stíleanna maireachtála daoine ó ré(anna) ar leith i stair na hÉireann a iniúchadh, ag fiosrú gnéithe amhail bia, éadaí, cumarsáid, obair, oideachas, srl. SG, FG, CT | **Stair** tuiscint a léiriú ar chóras polaitiúil na hÉireann, mar shampla Tithe an Oireachtais – Dáil Éireann agus Seanad Éireann, ról an Uachtaráin, conas a oibríonn toghcháin agus ról na dTeachtaí Dála agus/nó Bhunreacht na hÉireann. SG, FG, CT |
| | | tús a chur le teorainneacha áiteanna a shainaithint, ag forbairt feasacht ar shuíomh agus ainmneacha ceantar eile. FG, SG, C | **Tíreolaíocht** príomhghnéithe bonneagair den timpeallacht thógtha in Éirinn a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu, amhail iompar, cumarsáid, tithíocht, uisce, cúrsaí áineasa, srl. FG, CT, M | **Tíreolaíocht** feasacht a fhorbairt ar an méid a spreag daoine le dul ar imirce go hÉirinn agus ó Éirinn le himeacht aimsire, agus tionchar na ngluaiseachtaí sin. SG, FG, CT |

**Na príomhinniúlachtaí:**
SG = A bheith i do shaoránach gníomhach FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid
C = A bheith cruthaitheach FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach M = A bheith matamaiticiúil S = A bheith slán

| Torthaí Foghlama don Snáithe: **An Eoraip agus an domhan mór** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Snáithaonad** | **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | | |
| **Féiniúlacht agus oidhreacht** | éisteacht le agus freagairt do scéalta ó shaol dhaoine agus faoi imeachtaí lasmuigh d'oileán na hÉireann. FG, C, CT | éisteacht le, freagairt do, athinsint agus machnamh a dhéanamh ar réimse níos leithne scéalta, miotas agus finscéalta ó thíortha eile a bhfuil cultúir agus oidhreachtaí éagsúla acu. FG, C, CT | **Stair** éisteacht le réimse scéalta ó chúlraí éagsúla cultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha, faoi dhaoine a raibh cónaí orthu i dtíortha eile agus iad a phlé. FG, CT, S | **Stair** scéalta a fhiosrú ina dtarraingítear aird ar an athrú a tháinig ar shaol na bhfear, na mban agus na bpáistí ó chúlraí cultúrtha agus eitneacha difriúla nó conas a d'fhan siad mar a bhí le himeacht aimsire. FG, C, CT |
| | | nósanna agus traidisiúin chultúrtha agus shóisialta i dtíortha eile a shainaithint, a fhiosrú agus cur síos a dhéanamh orthu. SG, FG, CT | | **Stair/Tíreolaíocht Reiligiúin, Creidimh agus Cruinneshamhlacha** tuiscint a léiriú ar dhearcthaí, creidimh agus cleachtais grúpaí difriúla daoine agus pobal san am atá caite, agus an tionchar a bhí acu ar an domhan sa lá atá inniu ann. SG, FG, CT |
| **An tImshaol agus an mhaireachtáil inbhuanaithe** | a aithint gur pláinéad é an Domhan, agus codanna eile den ghrianchóras a fhiosrú, lena n-áirítear an ghrian, an ghealach agus na pláinéid. Gluaiseachtaí an Domhain agus na gréine a nascadh le séasúir na bliana. SG, FG, C | an tionchar a bhíonn ag an ngrian agus ag an ngealach ar an Domhan a fhiosrú, agus conas a théann siad i bhfeidhm ar phatrúin taoide agus teochtaí i gcodanna difriúla den domhan, san am atá caite agus san am i láthair araon. SG, FG, C | **Tíreolaíocht** tábhacht na gréine agus na gealaí don saol ar Domhan a iniúchadh, ó thaobh táirgeadh bia, na haeráide, patrúin aimsire, patrúin chodlata, srl. de. FG, CT, FD | **Tíreolaíocht** gnéithe den idirghaolmhaireacht idir an Domhan agus reanna eile sa ghrianchóras a scrúdú. SG, FG, CT |
| | | patrúin aimsire a bhreathnú agus a thaifeadadh, ag déanamh comparáide agus codarsnachta idir aeráid na hÉireann agus an aeráid i dtíortha eile. SG, M, FD | **Tíreolaíocht** roinnt de na príomhghnéithe fisiciúla den timpeallacht nádúrtha in Éirinn, san Eoraip agus sa domhan mór, amhail aibhneacha, lochanna, sléibhte, farraigí, oileáin, an bhithéagsúlacht, srl., a shainaithint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a chur i gcomparáid lena chéile. FG, CT, M | **Tíreolaíocht** samplaí a iniúchadh d'athruithe i dtimpeallachtaí nádúrtha na hEorpa agus an domhain mhóir a tharla mar gheall ar phróisis fhisiciúla agus gníomhaíocht an duine, amhail talmhaíocht, caomhnú, dífhoraoisiú, ró-iascaireacht, truailliú, athchóiriú, turasóireacht, srl. FG, C, CT |

**Na príomhinniúlachtaí:**

| | | |
|---|---|---|
| SG = A bheith i do shaoránach gníomhach | FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach | CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid |
| C = A bheith cruthaitheach | FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach | M = A bheith matamaiticiúil S = A bheith slán |

| Torthaí Foghlama don Snáithe: **An Eoraip agus an domhan mór** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Snáithaonad** | **Céim 1** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2** Rang a haon agus a dó | **Céim 3** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4** Rang a cúig agus a sé |
| | *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann:* | | | |
| **Daoine agus áiteanna** | gnéithe de shaol páistí i dtíortha eile a fhiosrú, amhail éadaí, bia, caithimh aimsire, ceiliúradh reiligiúnach, féilte, srl. FG, FD, S | cur lena bhfeasacht ar chúlraí sóisialta agus cultúrtha páistí ó thíortha eile. SG, FG, CT | **Stair/Tíreolaíocht Reiligiúin, Creidimh agus Cruinneshamhlacha** cúlraí eitneacha, reiligiúnacha páistí agus daoine óga ó thíortha eile a fhiosrú. FG, C, CT | **Stair/Tíreolaíocht Reiligiúin, Creidimh agus Cruinneshamhlacha** traidisiúin agus cleachtais eitneacha agus reiligiúnacha grúpaí difriúla daoine a iniúchadh agus machnamh a dhéanamh orthu. FG, CT, S |
| | | scrúdú a dhéanamh ar conas a múnlaíodh gnéithe de shaol daoine, amhail an chumarsáid, an obair, an tsláinte, an t-oideachas, an taisteal, an baile, srl. leis na hathruithe teicneolaíocha thar roinnt glúnta. FG, CT, FD | **Tíreolaíocht** tuiscint a fhorbairt ar theorainn áiteanna, ag léiriú go bhfuil cur amach acu ar an suíomh, ar na hainmneacha agus ar shainchomharthaí suntasacha i gceantair in Éirinn, san Eoraip agus sa domhan mór. FG, CT, M | **Tíreolaíocht** fianaise a scrúdú agus tátail a bhaint as saincheisteanna sóisialta, eacnamaíocha, polaitiúla agus/nó timpeallachta. SG, FG, CT |
| | | | **Stair** modhanna maireachtála sna sochaíocha ársa a fhiosrú agus éirí cleachta leo. FG, C, CT | **Stair** fianaise ar shaol agus modhanna maireachtála na ndaoine sna sochaíocha ársa a scrúdú agus cur lena bhfeasacht fúthu. FG, C, CT |


**Na príomhinniúlachtaí:** SG = A bheith i do shaoránach gníomhach; FG = A bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach; CT = A bheith i do chumarsáidí agus teanga a úsáid; C = A bheith cruthaitheach; FD = A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach; M = A bheith matamaiticiúil; S = A bheith slán



# 6. An Curaclam don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* i bhFeidhm

Cuirtear beocht sa churaclam tríd an bhfoghlaim, teagasc agus measúnú, agus teitear níos faide anonn ná an leathanach clóite chun páistí a mhealladh, a spreagadh agus a chumasú ina gcuid foghlama. Is éard atá mar bhonn taca faoin *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (OSI)* an fhís, na prionsabail, na príomhinniúlachtaí agus na ráitis maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú i g*Creatchuraclam na Bunscoile*.

Tá sé de cheart ag an uile pháiste a bheith faoi bhláth agus faoi rath i dtimpeallacht foghlama thacúil tharraingteach. Tá an caidreamh idir páiste agus múinteoir lárnach chun an méid sin a chumasú. Tá an páiste i gcroílár an phróisis foghlama agus, mar sin, tá tuiscint ar a gcuid réamhfhoghlama, ábhar spéise, eispéireas agus eolais ríthábhachtach chun eispéiris foghlama atá ionchuimsitheach agus dúshlánach mar is cuí a chruthú. Cuirtear feabhas ar an bhfoghlaim in *OSI* ach fócas na foghlama nua a shainaithint go soiléir, bealaí a aithint ina bhféadfaidh páistí a gcuid eolais agus tuisceana a léiriú agus éagsúlacht d'eispéiris foghlama a dhearadh ag tarraingt ar réimse cuir chuige oideolaíochta.




**Fíor 4:** An curaclam don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* i bhfeidhm

Sa chuid eile den chaibidil seo, leagtar amach na príomhghnéithe d'fhoghlaim na bpáistí in *OSI*, na cuir chuige oideolaíochta a thacaíonn agus a chuireann léi, agus tugtar treoir maidir le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus dul chun cinn na bpáistí.

## 6a. Foghlaim in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

### Ag obair mar thíreolaí

Laistigh de *OSI*, leis an gcoincheap '*Ag obair mar thíreolaí*', tugtar deiseanna do pháistí eolas scileanna, coincheapa, meonta agus luachanna tíreolaíochta a shealbhú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm trí phróiseas an fhiosrúcháin tíreolaíochta. Agus iad '*Ag obair mar thíreolaí*', déanann páistí fiosrú gníomhach ar thimpeallachtaí éagsúla, cuireann siad ceisteanna, déanann siad léirmhíniú, déanann siad anailís agus machnamh ar réimse leathan fianaise i bhformáidí éagsúla. Tugann siad faoi iniúchtaí rialta ar a gceantar áitiúil agus ar an domhan mór. Ag tógáil ar réamheolas agus ar an bhfiosrú gníomhach atá fréamhaithe ina gceantar, forbraíonn páistí feasacht imshaoil, tuiscint ar áit, spás agus scála. Sainaithníonn siad ceangail idir daoine, áiteanna agus an dúlra ina gceantar áitiúil, i bpobail eile agus ar an domhan mór.

### Ag obair mar staraí

Laistigh de *OSI*, leis an gcoincheap '*Ag obair mar staraí*', tugtar deiseanna do pháistí eolas, scileanna, coincheapa, meonta agus luachanna stairiúla a shealbhú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Déanann siad staidéar ar shaol na ndaoine san am atá caite trí phróiseas an fhiosrúcháin stairiúil. Nuair a bhíonn páistí '*Ag obair mar staraí*', téann siad i ngleic leis an smaointeoireacht stairiúil, cuireann siad ceisteanna faoi choincheapa stairiúla agus faigheann siad taithí ar réimse leathan foinsí. Déanann siad anailís ar fhianaise stairiúil agus léirmhíníonn siad í, ó roinnt peirspictíochtaí chun scéalta stairiúla faoin am atá caite a bhaint óna chéile agus a chur ar ais le chéile. Agus iad ag obair mar staraithe, cuirtear ar chumas na bpáistí an t-am atá caite a fhiosrú agus machnamh a dhéanamh air, ar bhealach gníomhach, rannpháirtíoch. Forbraíonn siad tuiscint ar chúis agus éifeacht, ar leanúnachas agus athrú, agus ar am agus cróineolaíocht.



## Gnéithe

Agus eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha á gcur ar fáil, tá sé riachtanach deiseanna a thabhairt do pháistí dul i ngleic leis na gnéithe den tsonraíocht *OSI*.

| Gné | Samplaí laistigh den tsonraíocht don *OSI* |
|---|---|
| **Fiosrú** | • Ceisteanna a chur atá fréamhaithe i gcomhthéacsanna fíorshaoil<br>• Fianaise agus sonraí a bhailiú agus a eagrú go neamhspleách agus i gcomhar<br>• Dul i mbun taighde agus ciall a bhaint as réimse leathan fianaise i bhformáidí éagsúla<br>• A bheith ag fiosrú agus ag iniúchadh ina gceantar áitiúil<br>• Sonraí a bailíodh in iniúchtaí a scrúdú go criticiúil, a tharraingt le chéile agus machnamh a dhéanamh orthu<br>• Comhoibriú le daoine eile chun réimse peirspictíochtaí a fháil |
| **Cumarsáid** | • Smaointe a chur in iúl agus a roinnt le daoine eile<br>• A gcuid tátal a chur i láthair go stuama do réimse lucht féachana<br>• Comhoibriú ar bhealach fiúntach agus fadhbanna á réiteach<br>• Éisteacht le smaointe, tuairimí agus dearcthaí daoine eile<br>• An modh cumarsáide cuí a úsáid chun a smaointe a chur in iúl<br>• Údar a thabhairt lena smaointe trí thagairt a dhéanamh d'fhianaise |
| **Tuiscint agus ceangal** | • Faisnéis, fianaise agus sonraí a mheas agus tátail a bhaint astu<br>• Cosúlachtaí le topaicí agus téamaí eile a shainaithint<br>• A gcuid eolais agus tuisceana a chur i bhfeidhm ar réimse leathan comhthéacsanna<br>• Naisc a chruthú idir an timpeallacht máguaird agus an domhan mór<br>• Naisc a shainaithint idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair<br>• Tuiscint agus feasacht a fhorbairt ar chúis agus éifeacht |



## Ag tacú le foghlaim páistí in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

Is duine aonair gach páiste a bhfuil sraith uathúil buanna acu atá le cothú. Is iad na Torthaí Foghlama a chuireann an deis ar fáil do na páistí uile le foghlaim trí roinnt conairí a thacaíonn le heispéiris foghlama shaincheaptha agus ionchuimsitheacha. Tá tábhacht ar leith leis sin do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.[1]

Le Conairí Tacaíochta Breise tugtar breac-chuntas ar na bealaí éagsúla a bhféadfadh páistí dul i ngleic leis na Torthaí Foghlama in *OSI* nó dul chun cinn ina dtreo a léiriú. Agus úsáid á baint ag múinteoirí as na conairí, is féidir leo an t-eispéireas foghlama a mheas ar bhealach níos mionsonraithe agus leibhéil chuí an dúshláin a shainaithint do pháistí. Le linn do pháistí a bheith ag foghlaim, is féidir leo blaiseadh de, aird a thabhairt air, freagairt dó, tús a chur leis, sealbhú, ag éirí líofa agus ginearálú. Cé go liostaítear na conairí ar bhonn seicheamhach, is den tábhacht a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh páistí ag gabháil do gach conair ag amanna difriúla nó ag an am céanna, ag brath ar a riachtanais éagsúla foghlama.


Sa tábla seo a leanas, déantar cur síos ar sheacht gconair a fhéadfaidh a bheith úsáideach do mhúinteoirí lena meas agus iad ag ullmhú deiseanna agus á gcur ar fáil le go bhféadfaidh na páistí dul i ngleic leo agus dul chun cinn a léiriú ina gcuid foghlama in *OSI*. I gcás gach conaire, cuirtear sampla ar fáil. Mar sin féin, is léiritheach atá na samplaí agus níl iontu ach ceann amháin den iliomad bealaí a bhféadfadh páistí dul i ngleic lena chuid foghlama agus í a léiriú.

[1] Tá forbairt ag teacht ar an teanga a úsáidtear chun cur síos ar riachtanais oideachais agus míchumas. Ar mhaithe le soiléireacht agus le bheith ar aon dul le beartas agus reachtaíocht reatha, úsáidtear an téarma 'riachtanais speisialta oideachais' anseo.

**Tábla 7:** Samplaí de na Conairí Tacaíochta Breise in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

| Conair thacaíochta bhreise | | Sampla in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* |
|---|---|---|
| Blaiseadh de | Bíonn an páiste i láthair le linn gníomhaíocht foghlama. Nochtar iad don timpeallacht foghlama agus/nó bíonn siad feasach uirthi. Bíonn siad ag dul i dtaithí ar ghnéithe de na timpeallachta foghlama, mar shampla, rudaí, daoine, fuaimeanna agus eispéiris chéadfacha eile. | Forbraíonn an páiste feasacht ar an am agus ar an gcróineolaíocht trí ghníomhaíochtaí díreacha, beartaithe. Áirítear leo sin: láimhseáil, seicheamhú agus rudaí príomha a chur i gcomparáid lena chéile óna scéal féin, ó scéal a dteaghlaigh agus a bpobail áitiúil, an saol amuigh faoin aer san áireamh. Trí amlínte praiticiúla pictiúrtha a úsáid, is féidir leis an bpáiste an méid a d'athraigh agus an méid a d'fhan mar a bhí a thabhairt faoi deara. |
| Aird a thabhairt air | Tugann an páiste aird ar na gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear ina láthair agus/nó téann siad i ngleic leo trí ghothaí, iompar an choirp, guthaíocht, súilfhéachaint, gluaiseacht, srl., a athrú. Tá siad tar éis dul i dtaithí ar an timpeallacht foghlama. | Tá an páiste feasach agus aireach ar ghnéithe tógtha agus nádúrtha den scoil, den timpeallacht bhaile agus d'áiteanna eile a bhfuil cur amach acu orthu. Féadfaidh sé sin tarlú trí bhreathnóireacht rialta ghníomhach agus idirghníomhú céadfach le gnéithe coiteanna den timpeallacht (m.sh., fánaí, áiteanna cothroma, uisce i locháin, srl). |
| Freagairt dó | Taispeánann an páiste go bhfuil siad in ann spéis a chur sa timpeallacht foghlama go gníomhach nó d'aon ghnó. Tosaíonn siad ag cur in iúl céard is maith leo, céard nach maith leo nó céard is fearr leo. Freagraíonn siad go gníomhach do ghníomhaíocht foghlama le tacaíocht nó gan tacaíocht. | Tugann an páiste freagra ar scéalta, agus baineann an múinteoir úsáid as prapaí agus pictiúrleabhair chun tacú le freagraí gníomhacha. Is féidir le páistí freagraí a thabhairt trína rogha modha cumarsáide. |
| Tús a chur leis | Bíonn an páiste fiosrach faoin timpeallacht foghlama. Lorgaíonn siad, go gníomhach agus go neamhspleách, deiseanna le dul i ngleic leis an timpeallacht sin agus/nó dul i bhfeidhm uirthi. | Léiríonn an páiste tionscnaíocht, samhlaíocht agus spontáineacht agus iad ag plé go díreach leis an dúlra trína rogha cur chuige céadfach. D'fhéadfadh an páiste flóra agus fána a roghnú chun a gcuid tréithe a fhiosrú trí iniúchadh gníomhach. |
| Sealbhú | Taispeánann an páiste go bhfuil eolas, scil nó coincheap á fhoghlaim acu. Fiosraíonn siad an fhoghlaim agus glacann siad páirt inti. | Rannchuidíonn an páiste le píosa oibre comhair i ngrúpa a chruthú, amhail pictiúr reoite, rólimirt nó múrphictiúr. Cuireann an páiste a gcuid tuisceana in iúl agus roinneann siad tuairimí faoi dhaoine agus áiteanna. |
| Ag éirí líofa | Gluaiseann an páiste i dtreo líofachta agus cruinnis i gcomhthéacsanna foghlama a bhfuil taithí acu orthu. Taispeánann siad go neamhspleách agus go seasmhach go bhfuil siad in ann cuimhneamh ar an eolas, ar an scil nó ar an gcoincheap a foghlaimíodh. | Déanann an páiste taifead ar a dtaithí ar an bhfoghlaim áitbhunaithe trína rogha modha léirithe (m.sh., trí líníochtaí, ó bhéal nó go digiteach, srl.) |
| Ginearálú | Aistríonn an páiste eolas, scileanna nó coincheapa a d'fhoghlaim siad chuig comhthéacsanna a bhfuil agus nach bhfuil cur amach acu orthu, agus cuireann siad i bhfeidhm iad sna comhthéacsanna sin. | Cuireann an páiste na scileanna a shealbhaigh siad roimhe sin i bhfeidhm chun a mbealach a dhéanamh trí shuíomh stairiúil nó nuair a bhíonn siad ag aithint gnéithe sa timpeallacht a bhfuil cur amach acu orthu. Chun an t-aistriú ó chomhthéacs a bhfuil cur amach acu air go comhthéacs nach bhfuil an cur amach céanna acu air a scafláil, is féidir leis an bpáiste cúnamh amhairc agus tadhaill, léarscáileanna digiteacha nó uirlisí réaltachta breisithe a úsáid. |






## 6b. Teagasc in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*


Tá 'conas' a fhoghlaimíonn páistí chomh tábhachtach céanna le 'céard' a fhoghlaimíonn siad in *OSI*. Agus í ailínithe le prionsabail *Chreatchuraclam na Bunscoile* agus na seacht bpríomhinniúlacht á léiriú, tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar chineálacha cur chuige oideolaíochta atá bunriachtanach chun eispéiris foghlama spraíúla agus tharraingteacha a sholáthar do na páistí uile. Nuair a ghlactar le chéile iad, leagtar béim leo ar a thábhachtaí atá sé teagasc a chur in oiriúint do na comhthéacsanna foghlama uathúla i seomraí ranga agus scoileanna. Le teagasc ardcháilíochta cuirtear luach leis na cúlraí, leis na cumais, leis na hábhair spéise, leis na láidreachtaí agus leis na riachtanais éagsúla a thugann páistí isteach sa seomra ranga leo. Is é is aidhm dó timpeallacht ionchuimsitheach, chultúrfhreagrach agus tharraingteach a chothú ina mothaíonn gach páiste go bhfuil siad sábháilte, go bhfeictear iad agus go bhfuil luach leo. Bíonn caidrimh dhearfacha idir páistí agus múinteoirí bunriachtanach, ina n-éistear le guthanna páistí agus ina ndéantar beart de réir briathair ina leith, rud a chothaíonn braistint úinéireachta ina gcuid foghlama. Ach ionchais arda a choinneáil do gach páiste agus eispéiris foghlama atá dúshlánach mar is cuí a chur ar fáil dóibh, is féidir le múinteoirí muinín a spreagadh agus a chur ar chumas gach páiste a lánchumas a bhaint amach.

Tá na cineálacha cur chuige oideolaíochta seo a leanas riachtanach le heispéiris fhiúntacha foghlama a sholáthar in *OSI*.




**Fíor 5:** Teagasc in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

## Oideolaíocht idirphlé





Foghlaimíonn páistí trí idirphlé agus idirghníomhú. Is éard is oideolaíocht idirphlé ann ná cur chuige comhoibríoch ina dtugann páistí agus múinteoirí aghaidh ar an bhfoghlaim le chéile, ag cur smaointe agus smaointeoireacht in iúl agus á bhforbairt. Baineann sí le gach cineál cumarsáide idir páistí agus/nó idir an páiste agus an múinteoir, rud a chothaíonn timpeallacht ionchuimsitheach ina n-éistear le guth gach páiste agus ina gcuirtear luach leis. Leis an idirphlé cómhalartach sin spreagtar fiosrú ar smaointe casta, smaointeoireacht chriticiúil agus cinnteoireacht eolasach, rud a chothaíonn cumas gníomhúcháin.

Agus oideolaíocht idirphlé á húsáid, ní mór go mbeadh fócas na foghlama soiléir chun an t-idirphlé a threorú. Tógann smaointe páistí ar a chéile, rud a chruthaíonn tuiscintí nua. Sa seomra ranga, mothaíonn páistí go bhfuil sé de chumhacht acu ionchur a bheith acu ina gcuid foghlama. Le cothromaíocht idir idirphlé faoi threoir an mhúinteora agus faoi stiúir an pháiste, cumasaítear rannpháirteachas domhain, arna éascú ag ceisteanna éifeachtacha, éisteacht ghníomhach agus freagraí a bhfuil cuspóir leo.

In *OSI*, is féidir le múinteoirí oideolaíocht idirphlé a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- deiseanna a thabhairt do pháistí a n-obair thionscadail a chur i láthair agus a roinnt, ceisteanna a chur ar phiaraí agus dúshláin a chur roimh smaointe ar bhealach measúil
- scéalta, téacsanna, déantúsáin, íomhánna amhairc, fuaim agus físeáin a roghnú go cúramach chun éisteacht, smaoineamh agus plé a spreagadh maidir le topaicí éagsúla
- dialann mhachnamhach a choinneáil nó tascanna insinte pearsanta a chuimsiú inar féidir le páistí a gcuid tuairimí féin a fhiosrú agus smaoineamh ar bhealaí difriúla
- béim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le bheith ag éisteacht le tuairimí difriúla, iad a thuiscint agus iad a chur in iúl ar bhealach comhbhách tuisceanach, agus na Téamaí Foghlama Domhanda (Cuid 6d) in úsáid mar chreat.

## Teagasc follasach





Le teagasc follasach cuirtear ar chumas an mhúinteora eolas, scileanna, coincheapa agus teanga nua a roinnt go soiléir le linn dóibh meonta dearfacha a eiseamláiriú ar bhealach struchtúrtha. Ba cheart céimeanna forbartha na bpáistí, a gcuid réamhfhoghlama, a gcumais agus a riachtanais a mheas leis an gcineál teagaisc seo. Trí theagasc follasach, taispeánann múinteoirí tascanna nó coincheapa ach a gcuid smaointeoireachta féin a eiseamláiriú agus a scafláil go cúramach, rud a fhágann go mbeidh an próiseas foghlama trédhearcach. Tacaítear le tuiscint na bpáistí le mínithe, samplaí agus léirithe soiléire. Le leibhéil arda d'idirghníomhú idir an múinteoir agus an páiste, cothaítear rannpháirteachas, agus le ceisteanna spreagtar na páistí le cur lena gcuid foghlama ach spéis a bheith acu inti, iad a bheith ceangailte léi agus spreagtha ina leith ag an am céanna.

Bíonn cleachtadh treoraithe agus neamhspleách ríthábhachtach. I dtosach báire, bíonn na páistí ag cleachtadh le tacaíocht agus aiseolas ón múinteoir, ansin aistríonn siad chuig gníomhaíochtaí neamhspleácha de réir a chéile chun a gcuid foghlama a neartú. Cinntíonn an múinteoir go mbíonn idirghníomhú agus rannpháirteachas fiúntach ann don uile pháiste.

Le haiseolas forbartha a thugtar in am trátha, tugtar aghaidh ar ábhair mhíthuisceana agus atreisítear réamhfhoghlaim na bpáistí, á dtreorú i dtreo foghlaim nua. Leis an gcur chuige sin, cothaítear muinín agus inniúlacht, rud a chinntíonn rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoghlaim.

In *OSI*, is féidir le múinteoirí teagasc follasach a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- tús a chur le haonad fiosrúcháin trí shúil a chaitheamh ar réamheolas, dul chun cinn na bpáistí a rianú agus cur lena dtuiscint ar thopaicí a fiosraíodh cheana
- úsáid a bhaint as réimse ceisteanna, caint múinteora agus eiseamláiriú scileanna chun déantúsáin, léarscáileanna nó scéalta a chur i láthair agus a fhiosrú agus a bpríomhghnéithe a mhíniú
- a léiriú conas focail agus frásaí nua a úsáid, a bhaineann le téama/topaic an fhiosrúcháin stairiúil agus/nó thíreolaíoch i gcomhthéacs, ag cur deiseanna ar fáil don chleachtas treoraithe
- cleachtadh a fháil ar an ábhar tagartha faoi dhaoine, áiteanna agus imeachtaí, san am atá thart agus san am i láthair, laistigh de cheantar na scoile, ag baint úsáid as ábhar teagaisc agus foinsí ardchaighdeáin.




## Comhtháthú

Le comhtháthú léirítear cineál idircheangailte an domhain ina maireann páistí gach lá. Cuireann sé deiseanna ar fáil chun ceangail a dhéanamh laistigh de réimsí curaclaim agus ar a bhfud. Ach dul i gcomhar le páistí chun bealaí a shainaithint lena gcuid foghlama a cheangal lena saol, cothaítear ábharthacht agus tacaítear le tuiscint níos doimhne.

Le comhtháthú baintear na teorainneacha curaclaim traidisiúnta a bhíodh ann, rud a chruthaíonn eispéiris chomhtháite foghlama. Mar shampla, le Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT), déantar eolas ar an ábhar agus sealbhú teanga a thabhairt le chéile i gcomhthéacsanna fiúntacha fíorshaoil.


Ba cheart do mhúinteoirí comhtháthú a fhréamhú laistigh den churaclam ar bhealach diongbháilte trí bhíthin na bpríomhinniúlachtaí agus na dTorthaí Foghlama, ag leagan béim ar thuiscint níos doimhne, nuálaíocht, smaointeoireacht chriticiúil agus rannpháirteachas. Féadfaidh ábhair spéise na bpáistí, téamaí trasghearrtha, scileanna idirdhisciplíneacha, smaointe móra agus fadhbanna ón bhfíorshaol a bheith ina dtúsphointí éifeachtacha.

Le comhtháthú fiosraítear topaicí ó pheirspictíochtaí iomadúla, agus déantar breithniú ar an gcaoi a chuireann príomhinniúlachtaí le tuiscint agus léirthuiscint iomlánaíoch. Déantar machnamh freisin ar an gcaoi a bhfeabhsaíonn agus a ndoimhníonn comhtháthú na hinniúlachtaí sin.

In *OSI*, tugtar deiseanna do pháistí leis an bhfoghlaim chomhtháite chun feasacht agus tuiscint a fhorbairt ar na Téamaí Foghlama Domhanda (Cuid 6d) trí smaointe móra agus coincheapa a fhiosrú.

In *OSI*, is féidir le múinteoirí comhtháthú a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- lionsa na dTéamaí Foghlama Domhanda a ionchorprú sna heispéiris foghlama ar fud na gcúig réimse curaclaim, ag spreagadh na bpáistí chun a bheith ag smaoineamh go criticiúil faoina ról féin agus faoi ról daoine eile go háitiúil, go náisiúnta, ag leibhéal Eorpach agus domhanda
- topaicí, téamaí nó saincheisteanna fíorshaoil reatha a ionchorprú chun iad a iniúchadh, le béim ar fhiosrú, cumarsáid, agus tuiscint agus ceangal
- comhoibriú leis na páistí chun coincheap, smaoineamh mór nó ráiteas, a bhfuil béim ar *OSI* ann, a shainaithint, agus é a nascadh le réimsí curaclaim eile chun aonad oibre a fhorbairt agus a chur i gcrích
- tacú le páistí úsáid a bhaint as an bpróiseas fiosrúcháin chun saincheisteanna sóisialta, eacnamaíocha agus timpeallachta a iniúchadh, mar aon leis an tionchar atá acu ar an tsochaí agus na freagraí ar na dúshláin sin ar fud na réimsí curaclaim.




## Súgradh agus oideolaíocht spraíúil

Is luachmhar a bhíonn súgradh i gcaitheamh na hóige, agus bíonn idir cheart chun súgradh ag páistí agus fhonn súgartha ar pháistí. Bíonn súgradh agus oideolaíochtaí spraíúla oiriúnach do gach céim i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta. Cuimsíonn súgradh speictream ó shúgradh faoi stiúir an pháiste go gníomhaíochtaí spraíúla faoi stiúir an mhúinteora agus súgradh comhroinnte ina mbíonn múinteoirí agus páistí páirteach le chéile agus ina bhforbraíonn siad an súgradh in éindí. Is ann do dheiseanna foghlama nua a bhuí leis an gcur chuige solúbtha seo.

Le súgradh cothaítear foghlaim ghníomhach fhiúntach agus ceanglaítear faisnéis nua le heolas atá ag na páistí cheana féin. Tacaíonn sé le forbairt iomlánaíoch, lena n-áirítear fás fisiciúil, sóisialta, mothúchánach, cognaíoch agus spioradálta, agus cothaíonn sé scileanna amhail réiteach fadhbanna, cruthaitheacht agus idirghníomhú sóisialta. Ba cheart do mhúinteoirí a chinntiú go mbíonn eispéiris foghlama spraíúla ar aon dul le Torthaí Foghlama an churaclaim, agus le cumais, ábhair spéise, láidreachtaí agus riachtanais na bpáistí.

Le timpeallacht spraíúil, taobh istigh agus amuigh faoin aer, feabhsaítear an fhoghlaim ach a bheith idirghníomhach, tarraingteach, ionchuimsitheach agus tacúil, agus spreagtar fiosrú, féinléiriú, rogha agus foghlaim ó bhotúin.

In *OSI*, is féidir le múinteoirí súgradh agus oideolaíocht spraíúil a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- gníomhaíochtaí spraíúla, praiticiúla a dhearadh, taobh istigh agus amuigh faoin aer araon (amhail iniúchtaí, tóraíochtaí taisce agus conairí dúlra) agus na turais a rinneadh sna gníomhaíochtaí sin a mhapáil
- réimse leathan déantúsán tadhaill, ábhar agus léarscáileanna a chur ar fáil do pháistí chun iad a fhiosrú, dul i ngleic leo agus spraoi leo
- súgradh sochdhrámaíochta, rólimirt agus súgradh samhlaíoch a ionchorprú sa scéalaíocht trí chuir chuige éagsúla, ag glacadh braistint mistéire agus spraoi chucu féin
- tacú leis an súgradh fiontrach trí dheiseanna a sholáthar chun dul i ngleic leis an súgradh fisiciúil, léiritheach agus leis an bhfiosrú áitbhunaithe sa cheantar áitiúil, lena gcuimsítear gné den dúshlán agus den eachtraíocht.


## Fiosrúchán

Is cur chuige foghlama é an fiosrúchán atá bunaithe ar cheisteanna a chur agus a fhreagairt faoi choincheap nó smaoineamh mór ar leith. Agus páistí ag dul i ngleic le timthriall an fhiosrúcháin, cuireann siad ceisteanna, lorgaíonn siad faisnéis agus fianaise, déanann siad meastóireacht chriticiúil, machnamh, agus cuireann siad a gcuid eolais i bhfeidhm. Cothaíonn an fiosrúchán an fhoghlaim dhomhain trí chabhrú le páistí anailís a dhéanamh ar chaidrimh agus ar phatrúin laistigh de phobail agus de shochaithe. Cabhraíonn sé sin leo tuiscint níos saibhre a fhorbairt ar na gnéithe idirnasctha stairiúla, tíreolaíochta agus sochaíocha den saol, agus tacaíonn sé lena bhforbairt iomlánaíoch agus le hullmhú don fhoghlaim fad saoil amach anseo an tráth céanna.

Agus iad ag obair mar thíreolaithe, téann páistí i ngleic leis an bhfiosrúchán tíreolaíoch trí fhiosrúcháin chomhoibríocha. Cuireann siad ceisteanna, gineann siad smaointe, bailíonn siad sonraí, forbraíonn siad tuiscint agus baineann siad tátail faoi ghníomhartha féideartha a d'fhéadfadh a bheith riachtanach. Ar an mbealach céanna, baineann an fiosrúchán stairiúil leis an obair mar staraithe. Bíonn ar pháistí ceisteanna dílse a chur, fianaise stairiúil a roghnú agus a scrúdú, léirthuiscint a thabhairt ar chomhthéacs stairiúil, peirspictíochtaí éagsúla a mheas agus conclúidí bunaithe ar fhianaise a dhéanamh.

### In *OSI*, is féidir le múinteoirí fiosrúchán a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- páistí a scafláil chun ceisteanna oscailte a chur, a spreagann fiosracht agus smaointeoireacht chriticiúil faoi fheiniméin thíreolaíocha agus stairiúla
- réimse leathan foinsí príomha a chur in aithne do pháistí agus rannpháirteachas domhain, leanúnach agus machnamh criticiúil a chur chun cinn le fianaise stairiúil agus thíreolaíoch ó pheirspictíochtaí difriúla
- déantúsáin a úsáid chun creidimh, deasghnátha, treoirphrionsabail, deasghnátha aistrithe saoil agus cleachtais a fhiosrú agus a thuiscint
- éascaíocht a dhéanamh ar obair bunaithe ar thionscadal ina gcuimsítear gníomhaíochtaí praiticiúla agus ina dtugtar deiseanna chun cuairt a thabhairt ar shuíomhanna inspéise agus iad a fhiosrú sa cheantar agus lasmuigh de (m.sh., iarsmalanna agus séadchomharthaí), agus úsáid foinsí éagsúla á cur chun cinn, lena n-áirítear teicneolaíochtaí digiteacha.




## Foghlaim áitbhunaithe agus obair allamuigh faoin aer

Is ionann an fhoghlaim áitbhunaithe agus cur chuige chun an domhan a fheiceáil, cur amach a bheith agat air, agus é a thuiscint. Leagtar béim inti ar an gceangal idir oidhreacht áitiúil, cultúir agus áiteanna, agus iad sin a chuimsiú sa saol scoile tríd an bhfoghlaim a thógáil amach faoin aer go rialta lasmuigh den seomra ranga. Tugtar deis do pháistí sa chur chuige sin dul i ngleic go díreach lena dtimpeallacht, ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe i gcomhthéacsanna fiúntacha fíorshaoil.

Leis an obair allamuigh agus na heispéiris foghlama gníomhaí sa cheantar, cuirtear comhthéacsanna dílse ar fáil a neartaíonn rannpháirteachas na bpáistí sa smaointeoireacht agus san fhiosrúchán stairiúil agus tíreolaíoch. Tríd an obair allamuigh, is féidir le páistí iniúchadh a dhéanamh ar nithe beo, gnéithe, próisis agus bonneagar sa timpeallacht áitiúil taobh amuigh. I measc na ngnéithe riachtanacha don fhoghlaim stairiúil agus thíreolaíoch, tá deiseanna do pháistí eispéiris mhothúchánacha, ábharacha, fhisiciúla agus chéadfacha a fháil trí thumadh athfhillteach san obair allamuigh. Ina measc sin, tá fiosrú ar an láthair ar shainchomharthaí áitiúla, suíomhanna oidhreachta agus áiteanna inspéise.

### In *OSI*, is féidir le múinteoirí foghlaim áitbhunaithe agus obair allamuigh a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- páistí a spreagadh chun dul i ngleic leis an dúlra go díreach trí ghníomhaíochtaí praiticiúla rialta, athruithe séasúir a thabhairt faoi deara agus a iniúchadh sa dúlra agus úsáid dialann dúlra agus/nó punann a chur chun cinn chun machnamh a dhéanamh ar eispéiris foghlama taobh amuigh agus iad a thaifeadadh
- conairí taobh amuigh a chomhordú lena dtugtar deiseanna rialta do pháistí coincheapa agus scileanna stairiúla agus tíreolaíocha a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs fíorshaoil
- aipeanna oideachais nó acmhainní ar líne/idirghníomhacha eile a úsáid chun feabhas a chur ar eispéiris foghlama taobh amuigh
- deiseanna rialta a thabhairt do pháistí tabhairt faoi thionscadail bunaithe ar fhiosrúchán, obair allamuigh a dhéanamh agus a gcuid torthaí a chur i láthair an phobail scoile agus an phobail áitiúil trí sheóthaispeántais agus taispeántais.




## Scéalaíocht

Tá éisteacht le scéalta agus insint scéalta ina gcuid nádúrtha d'fhorbairt gach páiste. Spreagann scéalta an tsamhlaíocht, an fhiosracht agus an t-iontas. De réir mar a bhíonn páistí ag fás, faigheann siad taithí ar réimse níos leithne scéalta agus fiosraíonn siad insintí ag leibhéal níos doimhne.

Tacaíonn úsáid an scéil in *OSI* le forbairt na bpáistí ar a n-eolas stairiúil trí chabhrú leo tuiscint a fháil ar eachtraí stairiúla agus ar shaol agus eispéiris na ndaoine san am atá caite. Ag obair mar staraithe, déanann páistí anailís ar na heachtraí agus na scéalta sin chun na mothúcháin, rúin, iompar agus spreagadh na bpearsana stairiúla a fhiosrú agus a thuiscint níos doimhne. Ag obair mar thíreolaithe, forbraíonn páistí tuiscint ar áit agus spás dá gceantar, agus nascann siad a gcuid eispéireas féin le heispéiris daoine eile i gcodanna difriúla den domhan mór. Nuair a phléitear leis na scéalta sin, cothaítear ionbhá, agus tugtar deis do pháistí nascadh le heispéiris agus peirspictíochtaí daoine eile.

### In *OSI*, is féidir le múinteoirí scéalaíocht a úsáid ar na bealaí seo a leanas:

- a chinntiú go mbíonn taithí ag páistí ar réimse leathan scéalta ó peirspictíochtaí iomadúla agus ó chúlraí éagsúla lena n-áirítear miotais agus finscéalta ó chúlraí/cruinneshamhlacha cultúrtha, eitneacha agus reiligiúnacha éagsúla
- athinsint na bpáistí ar scéalta agus imeachtaí ón am atá caite a spreagadh, an chruthaitheacht a spreagadh agus a chinntiú go bhfuil bonn d'fhianaise stairiúil faoi insintí athchruthaithe na bpáistí ag an am céanna
- úsáid a bhaint as scéalta áitiúla nó as an mbéaloideas chun cur síos a dhéanamh ar leagan amach tíreolaíoch ceantair agus iad a nascadh le háiteanna den chineál céanna ar fud an domhain
- scil na scéalaíochta a chur chun cinn trí éascaíocht a dhéanamh ar chuairteanna ó scéalaithe agus ó mhuintir na háite.



## 6c. Measúnú in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

Tá an cumas i ngach páiste a bheith ag foghlaim agus faoi bhláth, agus tá measúnú fiúntach lárnach agus an cumas á chothú. Mar cheann de na hocht bprionsabal uileghabhálacha de *Chreatchuraclam na Bunscoile*, tuigtear gur próiseas comhoibríoch é an measúnú, lena mbaineann páistí, múinteoirí, tuismitheoirí agus, in amanna, páirtithe leasmhara eile. Is éard atá i gceist leis próiseas leanúnach a bhaineann le faisnéis faoi dhul chun cinn agus gnóthachtáil páiste a bhailiú, a thaifeadadh, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tríd sin, cuirtear deis ar fáil chun léargas a fháil ar dhul chun cinn foghlama páistí, chun comhoibriú agus féinmhachnamh a chur chun cinn agus páirt ghníomhach a thabhairt do pháistí sa mheasúnú ar a gcuid foghlama féin, rud atá tábhachtach.

### Measúnú a ailíniú le fócas na foghlama

I gcroílár an oideachais tá turas fáis gach páiste, agus i dtaca leis an turas sin, tá sé bunriachtanach léirithe saibhre dá gcuid foghlama agus dul chun cinn a ghabháil le himeacht aimsire. Go ginearálta, ba cheart baint dhíreach a bheith ag measúnú le fócas na foghlama a bhfuil na páistí ag obair ina threo aon tráth ar leith trí Thorthaí Foghlama na sonraíochta don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*. Is minic a bhaineann measúnú le díriú ar ghnéithe sonracha de Thoradh Foghlama, seachas ar an toradh iomlán, chun léargas níos dírithe a chur ar fáil ar an méid atá ar eolas ag na páistí, ar an tuiscint atá acu, nó ar an méid is féidir leo a dhéanamh i gcaitheamh eispéireas foghlama.

In *OSI*, is féidir an fhaisnéis mheasúnaithe a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí ó thaobh tuiscint a fháil ar choincheapa stairiúla agus tíreolaíocha agus tacú leis agus a gcuid scileanna stairiúla agus tíreolaíocha á bhforbairt (leagtha amach in Aguisín A). Tá sé tábhachtach go mbainfidh an múinteoir cothromaíocht amach idir measúnú ar eolas, coincheapa agus scileanna tíreolaíocha na bpáistí agus measúnú ar eolas, coincheapa agus scileanna stairiúla na bpáistí. Is cabhair í an fhaisnéis mheasúnaithe don mhúinteoir chun réimsí a shainaithint ina gcaithfear tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na páistí, nó os a choinne sin, ina gcaithfear tuilleadh dúshlán a chur rompu agus iad ag obair mar staraithe agus mar thíreolaithe. Cuirtear bonn eolais faoi oiriúnuithe ar chuir chuige oideolaíochta agus an timpeallacht foghlama léi. Treoraítear an t-ullmhúchán le haghaidh eispéiris foghlama amach anseo léi a chuireann feabhas agus a thógann ar fhiosracht nádúrtha, iontas agus smaointeoireacht chriticiúil páistí. Is féidir leis an bhfaisnéis mheasúnaithe a bheith ina cabhair do pháistí freisin chun na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama féin a shainaithint.

### Deiseanna le haghaidh measúnú in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

Tá an curaclam ina thaca le contanam measúnaithe ón 'measúnú iomasach' go dtí 'idirghníomhaíochtaí pleanáilte' agus 'imeachtaí measúnaithe'. Tagann na trí chineál measúnaithe le chéile agus tá siad riachtanach chun léargas cuimsitheach a fháil ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachtáil páiste in *OSI*.

**Tábla 8:** Cineálacha measúnaithe

| Measúnú iomasach | Idirghníomhaíochtaí pleanáilte | Imeachtaí measúnaithe |
|---|---|---|
| ...tarlaíonn sé go nádúrtha agus ar bhonn leanúnach i rith eispéiris foghlama. Tá sé comhtháite san oideolaíocht, is féidir leis a bheith dofheicthe, ach atá beartaithe ag an múinteoir, agus is cuid an-dáiríre den phróiseas é. | ...bíonn siadsan beagán níos follasaí agus cuimsíonn siad cleachtais mar chomhráite a dhéanamh le páistí, ceistiú a dhéanamh, iarraidh ar pháistí léarscáileanna coincheapa a dhéanamh, agus obair leantach a dhéanamh ar mheasúnuithe iomasacha nó ar imeachtaí measúnaithe. | ...bíonn siadsan difriúil le cineálacha eile measúnaithe ar na bealaí seo: (1) is imeachtaí ar leith iad, (2) bíonn taifead ar thorthaí an mheasúnaithe i gceist leo i gcónaí, nach mór (3) bíonn a fhios ag páistí go bhfuil measúnú á dhéanamh orthu. |

## Faisnéis mheasúnaithe a bhailiú in *OSI*

Taispeánfaidh páistí a gcuid foghlama ar roinnt mhaith bealaí agus trí úsáid a bhaint as réimse leathan modhanna, is féidir le múinteoirí faisnéis shaibhir a bhailiú maidir le foghlaim páistí in *OSI*. Ach tuiscint shoiléir a fháil ar an bhfaisnéis a theastaíonn chun léargas a fháil ar dhul chun cinn páistí, tacófar le múinteoirí chun na modhanna is oiriúnaí le húsáid a shainaithint. Thíos tá liosta neamh-uileghabhálach de na modhanna is dóigh a bheidh úsáideach chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn páistí in *OSI* de réir mar a fhoghlaimíonn siad trí na gnéithe a bhaineann le Fiosrú, Cumarsáid, agus Tuiscint agus ceangal.

### Comhdhálú

Trí idirghníomhaíochtaí idir múinteoir/páiste, piara/piara agus idirghníomhaíochtaí grúpa, is féidir le múinteoirí léargas a fháil ar scileanna cumarsáide páistí, ar a dtuiscint choincheapúil agus ar a gcuid foghlama foriomláine. Trí chomhdhálú is féidir le múinteoirí meastóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus ar tháirge deiridh eispéireas foghlama, agus aiseolas sonrach, spriocdhírithe atá saincheaptha do riachtanais aonair á thairiscint. Cothaítear timpeallacht chomharfhoghlama dhearfach, thacúil leo, rud a mhúnlaíonn eispéiris foghlama amach anseo, rud atá tábhachtach.

### Aiseolas

Tá aiseolas mar chuid lárnach den phróiseas foghlama, lena mbaineann idirghníomhaíochtaí tráthúla, fiúntacha agus spriocdhírithe idir múinteoirí agus páistí. Leis sin spreagtar machnamh a dhéanamh, dul chun cinn a aithint agus na chéad chéimeanna eile san fhoghlaim a shainaithint. A bhuí le haiseolas, cuidítear le páistí anailís chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid foghlama, gnóthachtálacha a cheiliúradh agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin, rud a threoraíonn a gcuid eispéireas foghlama amach anseo.

### Breathnóireacht

Baineann breathnuithe le monatóireacht ghníomhach múinteoirí ar pháistí agus iad ag éisteacht agus ag plé go gníomhach leis na páistí le linn eispéiris foghlama. Leis an modh seo cuirtear léargas luachmhar ar fáil ar eolas agus tuiscint, sult, rannpháirteachas agus idirghníomhaíochtaí páistí. Cuirtear ar chumas na múinteoirí freagairt do chásanna foghlama tráthúla agus an fhoghlaim amach anseo a threorú go héifeachtach.

### Piarmheasúnú agus féinmheasúnú

Le piarmheasúnú agus féinmheasúnú, déanann páistí machnamh ar a gcuid foghlama, bíonn siad á roinnt agus á plé, le tacaíocht ón múinteoir mar is cuí. Leis an modh sin, cothaítear féinmhacnamh, comhoibriú agus inspreagadh inmheánach laistigh de thimpeallacht foghlama oscailte, mheasúil agus thacúil.

### Punanna

Is éard is punann ann bailiúchán de shaothar páiste, a roghnaíonn agus a choimeádann an páiste i gcomhar leis an múinteoir. Léirítear léi a gcuid foghlama agus forbartha le himeacht aimsire agus tacaítear le machnamh, spriocanna a leagan síos agus féinmheasúnú. Is féidir leo a bheith digiteach nó fisiciúil, lena n-áirítear déantúsáin éagsúla amhail íomhánna, físeáin, taifeadtaí, tionscadail agus samplaí d'fhoghlaim. Is léiriú iad ar an bhfás agus ar an dul chun cinn i réimsí difriúla curaclaim.

### Tascanna

Trí thascanna fiúntacha ábhartha cuirtear deiseanna ar fáil do pháistí chun a gcuid tuisceana a thaispeáint ar bhealaí éagsúla. Is féidir tacú le measúnú barántúil leo, rud a thairgeann léargas ar fhoghlaim páistí i gcásanna fíor-ama agus i gcomhthéacsanna difriúla, amhail taobh istigh agus amuigh faoin aer.

### Ceistiúchán

Is féidir gurb éard atá i gceist le ceistiúchán ná ceisteanna a chur atá dea-chumtha, oscailte, agus a dhéanann géarfhiosrúchán, lena dtacaítear le tuiscint, smaointeoireacht chriticiúil agus machnamh. Trí cheisteanna, spreagtar páistí chun ceangail a dhéanamh, cuimhneamh ar pheirspictíochtaí difriúla agus tabhairt faoin bpróiseas foghlama ag leibhéal domhain.

### Foghlaim bunaithe ar thionscadal

Cuireann an fhoghlaim bunaithe ar thionscadal cur chuige dinimiciúil éifeachtach ar fáil maidir le measúnú, ina gcuireann páistí a gcuid eolais agus tuisceana i bhfeidhm i gcomhthéacsanna fíorshaoil. Spreagtar an chruthaitheacht, an smaointeoireacht chriticiúil, obair foirne, agus an rannpháirteachas leanúnach léi. Cuirtear meastóireacht iomlánaíoch ar fáil d'fhoghlaim agus d'fhorbairt na bpáistí.

### Scrúduithe a dhearann an múinteoir

I gcomhar le cineálacha eile measúnaithe, is féidir le hanailís ar thorthaí ó scrúduithe atá deartha ag múinteoirí foinse thábhachtach aiseolais mhionsonraithe a chur ar fáil maidir le foghlaim páistí in *OSI*. Cuireann measúnuithe a dheartar go cúramach ar chumas na múinteoirí eolas ábhar-bhunaithe stairiúil agus tíreolaíoch páistí a shainaithint, i dtopaic curaclaim nó i réimse fiosrúcháin ar leith.

Tá sé tábhachtach foghlaim an pháiste a dhoiciméadú. Eascraíonn úsáid dhiongbháilte doiciméadaithe as an bpróiseas a bhaineann le fianaise a bhailiú. Is féidir le páistí agus múinteoirí bealaí difriúla a úsáid chun faisnéis mheasúnaithe a dhoiciméadú, amhail nótaí, grianghraif, físeáin agus scéalta foghlama. Maidir le punanna, ní hamháin gur modh measúnaithe iad ach tugtar bealach fiúntach leo faisnéis mheasúnaithe a bhailiú, a eagrú agus a chur i láthair lena léirítear turas foghlama barántúil an pháiste. Cuireann doiciméadú den sórt sin leis an léargas saibhir iomlánaíoch de gach páiste agus iad ag foghlaim, ag dul chun cinn agus ag forbairt.

## Faisnéis mheasúnaithe a úsáid chun bonn eolais a chur faoi na chéad chéimeanna eile i bhfoghlaim páistí

I gcroílár na foghlama éifeachtaí tá úsáid fhiúntach na faisnéise measúnaithe. Is é an chaoi a n-úsáidfear faisnéis mheasúnaithe a chinnfidh a héifeachtacht fhoriomlán chun tacú le foghlaim páistí. Le rannpháirtíocht ghníomhach páistí le linn próisis mheasúnaithe, cothaítear braistint úinéireachta ar a gcuid foghlama agus is féidir féinmhachnamh, smaointeoireacht chriticiúil agus fás a spreagadh ar an dóigh sin. Tá aiseolas éifeachtach ríthábhachtach sa phróiseas foghlama, rud a chuireann deiseanna ar fáil do pháistí machnamh a dhéanamh ar a n-éachtaí agus ar an dul chun cinn atá déanta acu.

Gné de theagasc ardchaighdeáin is ea cumas múinteoirí freagairt dá gcomhthéacsanna uathúla sa seomra ranga trí fhianaise a bhailiú, a thaifeadadh agus a anailísiú chun breithiúnais fheasacha a dhéanamh faoi dhul chun cinn páistí agus a gcinntí foghlama agus teagaisc in *OSI* a threorú.

Is iad na nithe seo a leanas is bonn leis na cinntí sin:

- cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim
- cur amach ar an gcuraclam
- cur amach ar oideolaíocht.

### Cur amach ar na páistí agus ar a réamhfhoghlaim

Tá múinteoirí i dtiúin le cúlraí, láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais páistí. Aithníonn siad na bealaí éagsúla a mbreathnaíonn roinnt páistí agus a n-idirghníomhaíonn siad leis an domhan timpeall orthu. Is féidir réamhfhoghlaim na bpáistí in *OSI* a mheas trí ghníomhaíocht ar bith ina dtugtar deiseanna do pháistí a gcuid tuisceana, tuairimí agus réasúnaíochta a chur in iúl (amhail mapáil coincheap, tobsmaointeoireacht, srl.).

### Cur amach ar an gcuraclam

Le heolas múinteoirí ar an tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*, chomh maith le naisc is féidir a dhéanamh le réimsí curaclaim eile, cuirtear ar a gcumas deiseanna foghlama barántúla cuí a ullmhú le haghaidh fiosrúchán stairiúil agus tíreolaíochta. De réir mar a oibríonn páistí i dtreo Torthaí Foghlama trí na trí shnáithe in *OSI*, déanann siad a rannpháirteachas mar thíreolaithe agus mar staraithe a fhorbairt agus a dhaingniú. Ina theannta sin, cuireann an measúnú léargais úsáideacha agus faisnéis úsáideach ar fáil faoina ndul chun cinn.


### Cur amach ar oideolaíocht

Baineann múinteoirí leas as a mbreithiúnas agus a machnamh gairmiúil chun na cleachtais oideolaíochta a roghnaíonn siad agus an timpeallacht foghlama a ullmhaíonn siad araon a bheachtú agus a oiriúnú. Is é an toradh a bhíonn air sin eispéireas foghlama saibhrithe do pháistí in *OSI*. Comhráite gairmiúla le comhghleacaithe, forbairt ghairmiúil leanúnach, úsáid an cheantair agus rochtain ar thimpeallachtaí foghlama saibhre taobh istigh agus taobh amuigh, cabhraíonn sé sin ar fad le heispéiris foghlama atá spraíúil agus tarraingteach mar is cuí a chur ar fáil.

## 6d. Téamaí foghlama domhanda in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

Tá an fhoghlaim agus an teagasc in *OSI* bunaithe ar Théamaí Foghlama Domhanda lena n-áirítear cearta daonna, an daonlathas, an cothromas, an ceartas sóisialta agus imshaoil agus an fhorbairt inbhuanaithe. I dteannta a chéile, cumhachtaítear páistí a bheith ar an eolas agus ina saoránaigh ghníomhacha ar féidir leo cur le todhchaí níos cothroime agus níos inbhuanaithe.

Feidhmíonn na téamaí mar scafall chun tacú le hullmhúchán agus le teagasc trí chur chuige comhtháite a úsáid. Cuireann sé sin comhleanúnachas ar na smaointe móra atá mar bhonn faoi *OSI*.




**Fíor 6:** Téamaí foghlama domhanda

## Cearta daonna

Tacaíonn an fhoghlaim in *OSI* le forbairt na tuisceana idirchultúrtha de réir mar a fhiosraíonn páistí éagsúlacht áiteanna agus phobail an domhain, traidisiúin chultúrtha, reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha. Foghlaimíonn siad an tábhacht a bhaineann le tuiscint a fháil ar a n-oidhreacht féin agus ar oidhreacht daoine eile, ag léiriú meas ar an éagsúlacht chultúrtha agus ar chearta daonna do chách.

## Daonlathas

Cuireann an fhoghlaim laistigh de *OSI* deiseanna ar fáil chun prionsabail an daonlathais a thabhairt isteach, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann leis an rannpháirtíocht agus leis an ionadaíocht.

## Cothromas

Baineann an fhoghlaim in *OSI* le fiosrúchán páistí ar ghuthanna, peirspictíochtaí agus eispéiris éagsúla a léiríonn réimse cúlraí sóisialta, cultúrtha agus socheacnamaíocha. Forbraíonn leanaí tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le cothroime. Aithníonn siad go dteastaíonn níos mó cabhrach ó roinnt daoine ná a chéile agus léiríonn siad ionbhá leo.

## Ceartas sóisialta agus imshaoil

Leis an bhfoghlaim in *OSI* soláthraítear deiseanna do pháistí fiosrúchán a dhéanamh ar shaincheisteanna ceartas sóisialta agus imshaoil ó pheirspictíochtaí difriúla agus smaoineamh go criticiúil fúthu. Cuireann sé sin lena dtuiscint ar an domhan agus ar a ról ann agus spreagann sé iad chun aon chlaonadh i bhfoinsí a cheistiú agus a scrúdú go criticiúil.

## Forbairt inbhuanaithe

Leis an bhfoghlaim in *OSI*, cuirtear ar chumas páistí machnamh a dhéanamh ar spriocanna fadtéarmacha lena dtugtar tús áite don inbhuanaitheacht thar thairbhí gearrthéarmacha. Moltar dóibh a ndícheall a dhéanamh acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, chomh maith le hacmhainní a tháirgeadh agus a ídiú ar bhealach freagrach.



# 7. Breac-chuntas ar an Tacar Uirlisí don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* ar Líne

Leis an Tacar Uirlisí don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil* (*OSI*) ar líne, cuirtear tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí chun eispéiris foghlama shaibhre a fhorbairt do pháistí. Forbraítear inneachar agus comhpháirteanna an tacair uirlisí ar líne le himeacht ama.

## Samplaí d'fhoghlaim na bpáistí

Forbraítear na samplaí seo le múinteoirí agus cuirtear léargas ar fáil leo ar conas a oibríonn múinteoirí le Torthaí Foghlama chun cinntí a dhéanamh maidir leis an méid a mhúineann siad, na cineálacha gníomhaíochtaí, eispéireas agus oideolaíochtaí a úsáideann siad, agus leis an bhfaisnéis a bhailíonn siad ar cé chomh maith agus atá ag éirí le páistí ina gcuid foghlama.


## Ábhair thacaíochta do mhúinteoirí

I measc na n-ábhar tacaíochta tá acmhainní tábhachtacha agus ábhar tagartha chun tacú le múinteoirí maidir leis an gcuraclam a chur i bhfeidhm ar bhealach fiúntach. Rinneadh forbairt orthu mar fhreagra ar thaighde agus ar riachtanais páistí, múinteoirí agus pobal scoile, a bhíonn ag athrú i gcónaí.

## Tacaíochtaí le haghaidh dul chun cinn

Foghlaimíonn agus forbraíonn páistí ag rátaí difriúla agus is féidir cuma dhifriúil a bheith air sin ar fud réimsí agus ábhair an churaclaim. Mar fhreagra ar thaighde agus ar an réimse éagsúil páistí a fhreastalaíonn ar ár mbunscoileanna agus ar ár scoileanna speisialta, forbraíodh réimse tacaíochtaí chun a chinntiú go dtéann gach páiste chun cinn ina gcuid foghlama agus forbartha.





# 8. Gluais

| | |
|---|---|
| An Lucht Siúil | Is grúpa mionlaigh eitneach dúchasach iad an Lucht Siúil, a dtugtar Mincéir nó Pavee orthu freisin, ar grúpa fánaíochta iad go traidisiúnta agus a thagann ó Éirinn ó dhúchas. Sa bhliain 2017 d'aithin an Stát go hoifigiúil gur grúpa eitneach faoi leith in Éirinn iad an Lucht Siúil. Mar a bhíonn i gceist le grúpa eitneach ar bith, tá an Lucht Siúil ilchineálach agus ní grúpa aonchineálach é. |
| Bithéagsúlacht | Is í an bhithéagsúlacht an éagsúlacht nithe beo, amhail plandaí agus ainmhithe, agus an chaoi a n-oibríonn siad go léir le chéile i ngnáthóga difriúla agus in éiceachórais níos mó. |
| Ceantar | Is é an ceantar an limistéar tíreolaíoch áitiúil lena n-áirítear daoine agus áiteanna laistigh d'eispéiris dhíreacha an pháiste. |
| Cearta daonna | Is iad cearta daonna na teidlíochtaí bunúsacha a chosnaíonn dínit, comhionannas agus saoirsí gach duine, beag beann ar dhifríochtaí cultúrtha, sóisialta nó polaitiúla. |
| Ceartas imshaoil | Is ionann an ceartas imshaoil agus láimhseáil chóir agus rannpháirteachas fiúntach gach duine i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm dlíthe, rialachán, agus beartas imshaoil. Tá sé d'aidhm aige a chinntiú go mbíonn an rochtain chéanna ag gach duine ar thimpeallacht shláintiúil shábháilte. |
| Ceartas sóisialta | Is ionann an ceartas sóisialta agus dáileadh cóir cothrom acmhainní, deiseanna agus pribhléidí laistigh de shochaí, ag cinntiú go bhfuil an rochtain chéanna ag gach duine ar bhunriachtanais agus deiseanna. |
| Creidimh | Is éard is creidimh ann ná na smaointe agus na tuairimí a mheasann daoine a bheith fíor. |
| Cruinneshamhlacha | Ciallaíonn cruinneshamhlacha an chaoi a mbraitheann agus a léirmhíníonn duine an domhan agus taithí saoil. Dearcadh roinnte, stairiúil, comhtháite a bhíonn i gceist le cruinneshamhlacha. D'fhéadfadh dearcadh reiligiúnach nó neamhreiligiúnach a bheith i gceist agus is féidir athrú teacht orthu le himeacht aimsire mar fhreagairt ar rudaí a tharlaíonn. |
| Déantúsán | Earra de dhéantús an duine a bhfuil spéis stairiúil ann, a úsáidtear go minic mar fhoinse fianaise, is ea déantúsán. |
| Deasghnátha | Is iad deasghnátha na traidisiúin, na nósanna agus na gníomhartha a dhéantar arís agus arís eile i dteaghlach, i bpobal nó i sochaí. |
| Éiceachóras | Is éard is éiceachóras ann ná pobal orgánach beo, amhail plandaí agus ainmhithe, a idirghníomhaíonn lena chéile agus lena dtimpeallacht fhisiciúil i limistéar ar leith. |
| Feiniméin thíreolaíocha | Is iad na feiniméin thíreolaíocha na heachtraí, na gnéithe nó na próisis nádúrtha nó de dhéantús an duine a tharlaíonn ar dhromchla an Domhain. D'fhéadfadh siad sin a bheith fisiciúil (amhail creathanna talún, aibhneacha nó sléibhte), nó bainteach leis an duine (amhail uirbiú, dífhoraoisiú nó imirce). |
| Feiniméin stairiúla | Is iad feiniméin stairiúla na heachtraí, na treochtaí nó na forbairtí suntasacha a tharla san am atá caite agus a mhúnlaigh sochaithe, cultúir nó sibhialtachtaí daonna. D'fhéadfadh cogaí, réabhlóidí, gluaiseachtaí cultúrtha agus dul chun cinn teicneolaíoch a bheith i gceist leo. |
| Foinse príomha | Is éard is foinse príomha ann ná cuntas bunaidh nó fianaise bhunaidh ar eachtra, smaoineamh nó topaic. Tagann sí go díreach ón am a tharla sé, cruthaithe ag duine a bhí ann nó a chonaic é. I measc na samplaí tá dialanna, grianghraif, óráidí, cáipéisí oifigiúla, srl. |
| Imirce | Is éard is imirce ann gluaiseacht daoine ó áit amháin go háit eile, chuig tír eile nó ó thír eile nó laistigh de thír. |
| Inbhuanaitheacht | Is éard is inbhuanaitheacht ann ná úsáid fhreagrach agus caomhnú acmhainní chun freastal ar riachtanais na linne seo gan cur isteach ar chumas na nglúnta atá le teacht freastal ar a gcuid riachtanas féin. |

| | |
|---|---|
| Ionbhá | Baineann ionbhá le peirspictíocht a ghlacadh, tuiscint agus feasacht a bheith agat ar bhraistintí, mothúcháin, smaointe agus eispéiris duine eile, agus a bheith mothálach orthu, agus iad a bhrath tú féin go hindíreach scaití. |
| Níos mó ná peirspictíocht amháin | Is éard atá i gceist le níos mó ná peirspictíocht amháin ná smaoineamh ar réimse dearcthaí, tuairimí nó peirspictíochtaí nuair a dhéantar anailís nó plé ar thopaic. |
| Timpeallacht | **Daonna:**<br>Limistéir ar athraíodh iad mar gheall ar dhaoine a bheith ann, mar shampla mar gheall ar ghníomhaíochtaí feirmeoireachta, baint acmhainní, soláthar bóithre agus naisc chumarsáide eile agus tógáil foirgneamh.<br><br>**Nádúrtha:**<br>Cruthaithe go mór mór trí idirghníomhú ghnéithe fhisiciúla agus phróisis an Domhain, a fhlóra agus a fhána, m.sh., d'fhéadfadh foraois bháistí thrópaiceach, talamh portaigh nó cladach carraigeach a bheith ina samplaí de thimpeallachtaí nádúrtha. |
| Timpeallacht foghlama | Is ionann an timpeallacht foghlama agus aon spás, laistigh agus lasmuigh, ina bhfoghlaimíonn nó ina bhforbraíonn páistí a dtuiscint. |

# 9. Tagairtí


An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood/

An Roinn Oideachais (2023). *Creatchuraclam na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/ga-ie/primary/the-primary-curriculum-framework/

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015). *Creat don tSraith Shóisearach*. Baile Átha Cliath: An Roinn Oideachais agus Scileanna. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/3145/creat-don-tsraith-shoisearach-2015.pdf

Rialtas na hÉireann (2024). *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*. Baile Átha Cliath: Foilseacháin Rialtais. Ar fáil ag: https://curriculumonline.ie/ga-ie/early-childhood/







# **Aguisín A.** Coincheapa, scileanna, meonta agus luachanna in *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

Tugann an fhaisnéis seo a leanas ar choincheapa, scileanna, meonta agus luachanna treoir bhreise do mhúinteoirí atá ag obair le Torthaí Foghlama ar fud Chéimeanna 1–4 (Naíonáin Shóisearacha-Rang a Sé). Cuireann siad pointí iontrála agus pointí tagartha úsáideacha ar fáil maidir le hullmhúchán, teagasc agus measúnú. Cé go bhfuil siad leabaithe sna Torthaí Foghlama, tugann an fhaisnéis bhreise seo níos mó soiléireachta do mhúinteoirí maidir le tacú lena n-ullmhúchán agus ina dteagasc agus measúnú ar an tsonraíocht don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*.

De réir mar a fhoghlaimíonn páistí trí na gnéithe a bhaineann le Fiosrú, Cumarsáid agus Tuiscint agus ceangal, leis na coincheapa, scileanna, meonta agus luachanna a shainaithnítear thíos, leagtar amach an méid a bheidh ar chumas na bpáistí fios a bheith acu air, a thuiscint, a léiriú agus a dhéanamh.

## Coincheapa


Is smaointe uileghabhálacha, ábhartha, tábhachtacha iad coincheapa atá riachtanach do pháistí chun eolas a fháil agus a fhorbairt ar thopaic nó ar réimse curaclaim. Is comhpháirt riachtanach iad chun cumas páistí a fhorbairt maidir le bheith ag obair mar ag obair mar thíreolaithe agus mar staraithe. I dTorthaí Foghlama, tagraíonn coincheapa don mhéid a bhfuiltear ag súil go mbeidh ar eolas ag páistí nó go dtuigfidh siad ag deireadh gach céime. Áirítear an méid seo a leanas ar choincheapa *OSI*:




**Fíor A1:** Coincheapa na sonraíochta don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

## Scileanna

Is éard atá i gceist le scileanna na cumais a fhorbraíonn páistí chun a gcuid eolais a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Go bunúsach, is féidir le scileanna a bheith de chineál cognaíoch (m.sh., smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna), praiticiúil (m.sh., teicniúil) nó sóisialta (m.sh., cumarsáid, comhoibriú). I dTorthaí Foghlama, tagraíonn scileanna don mhéid a bhfuiltear ag súil go mbeidh páistí in ann a dhéanamh nó a léiriú ag deireadh gach céime. I measc scileanna *OSI* tá:




**Fíor A2:** Scileanna na sonraíochta don *Oideachas Sóisialta agus Imshaoil*

Cuirtear i láthair sna táblaí seo a leanas sraith neamh-uileghabhálach samplaí de choincheapa agus de scileanna a fhorbraíonn páistí trína gcuid foghlama in *OSI*. Tá sé i gceist leis na moltaí sin maidir le foghlaim páistí tacú le múinteoirí agus iad ag obair leis na Torthaí Foghlama thar gach céim chun ullmhú d'eispéiris foghlama ardchaighdeáin agus chun iad a mhúineadh.

**Tábla A1:** Coincheapa laistigh de Thorthaí Foghlama

## Coincheapa coiteanna stairiúla agus tíreolaíocha

**Céimeanna 1–4**

Naíonáin Shóisearacha–Rang a Sé

**Ionbhá**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Ag eirí feasach ar eispéiris, cinntí agus gníomhartha daoine, san am atá caite agus san am i láthair
- Spéis a léiriú i ndaoine agus cúram a léiriú dóibh, a gcuid mothúchán a aithint agus meas a bheith acu orthu, agus eispéiris daoine eile a nascadh lena gcuid féin
- Ag éirí feasach ar dhearcthaí pearsanta agus ar dhearcthaí daoine eile agus comhmheas agus caoinfhulaingt a chothú
- A aithint go raibh roinnt pearsana stairiúla agus comhaimseartha spreagtha ag a reiligiún, a gcreideamh nó a gcruinneshamhail

**Níos mó ná peirspictíocht amháin**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Smaoineamh ar réimse dearcthaí, tuairimí nó peirspictíochtaí nuair a dhéantar anailís ar imeachtaí, téamaí nó topaicí ar leith
- Tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi ar féidir dearcthaí daoine a mhúnlú de réir a luachanna, a reiligiún, a gcreideamh, a gcruinneshamhlacha, a gcultúr, a suíomh agus a n-eispéiris

## Coincheapa stairiúla

**Céimeanna 1–4**

Naíonáin Shóisearacha–Rang a Sé

**Cúis agus éifeacht**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Plé a dhéanamh ar na cúiseanna agus ar an éifeacht a bhí ag roinnt eachtraí agus athruithe san am atá caite
- Tuiscint a fhorbairt gur féidir le heachtraí san am atá caite níos mó ná cúis agus éifeacht amháin a bheith acu
- A aithint gur féidir na cúiseanna agus na héifeachtaí seo a nascadh le chéile, agus go mbíonn idir iarmhairtí láithreacha, gearrthéarmacha agus fadtéarmacha ag baint leis na heachtraí seo
- Ról na reiligiún, na gcreideamh agus na gcruinneshamhlacha a aithint in eachtraí stairiúla

**Athrú agus leanúnachas**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- An méid a d'fhan mar an gcéanna agus an méid a athraíodh le himeacht aimsire a dhéanamh amach
- Fiosrú a dhéanamh ar chásanna athraithe agus leanúnachais i gcomhthéacsanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir cosúlachtaí agus difríochtaí idir an t-am atá caite agus an t-am i láthair agus idir réanna stairiúla difriúla
- Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a n-athraíonn saol agus cúinsí daoine le himeacht ama agus mar fhreagairt ar chásanna difriúla

## Coincheapa tíreolaíochta

**Céimeanna 1–4**

Naíonáin Shóisearacha–Rang a Sé

**Tuiscint ar imshaol agus inbhuanaitheacht**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Feasacht a fhorbairt ar na timpeallachtaí nádúrtha ina n-idirghníomhaíonn daoine agus nithe beo eile
- Tuiscint a fhorbairt ar na gnéithe nádúrtha agus daonna sa timpeallacht agus ar a n-idirghaolmhaireachtaí
- Gnéithe daonna agus nádúrtha agus na hidirghníomhaíochtaí eatarthu a fhiosrú
- Feasacht a fhorbairt maidir leis na gnéithe imshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha den saol

**Tuiscint ar áit**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Fiosrúchán a dhéanamh agus éirí cleachta le cuid de na gnéithe tógtha agus nádúrtha den cheantar
- Feasacht a fhorbairt ar ghnéithe tógtha agus nádúrtha na hÉireann, na hEorpa agus an domhain i gcoitinne
- Gnéithe d'áit a fhiosrú agus a thuiscint mar aon leis an tionchar a bhíonn ag daoine agus ag próisis nádúrtha uirthi, san am atá caite, san am i láthair agus sa todhchaí
- Anailís a dhéanamh ar an nasc idir timpeallachtaí daonna agus nádúrtha in áit ar leith

**Am agus cróineolaíocht**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Idirdhealú a dhéanamh idir an t-am atá caite, an t-am i láthair agus an todhchaí
- Tuiscint mhéadaitheach a fhorbairt ar am agus ar chroineolaíocht maidir le daoine, rudaí agus eachtraí a chur laistigh de chreat leathan stairiúil
- Tuiscint a fháil ar sheicheamh na n-eachtraí i scéalta faoin am atá caite, trí úsáid a bhaint as focail agus frásaí coitianta a bhaineann leis an am
- Tréimhsí stairiúla a fhiosrú, ag bogadh níos faide ar aghaidh ón eolas ar dhátaí agus lipéid réanna

**Tuiscint ar spás**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Éirí cleachta le suíomh gnéithe daonna agus nádúrtha sa cheantar
- Taifeadadh a dhéanamh ar thurais shimplí chuig agus ó áiteanna sa cheantar agus níos faide i gcéin
- Achair a mheas agus a thomhas agus buntreonna a bhunú le linn fiosrúchán ar an gceantar
- Suíomh, méid agus treoshuíomh gnéithe sa cheantar a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as líníochtaí, pleananna, léarscáileanna, cruinneoga, samhlacha agus teicneolaíocht dhigiteach

**Tábla A2:** Scileanna laistigh de Thorthaí Foghlama

| Scileanna coiteanna stairiúla agus tíreolaíocha |
|---|
| **Céimeanna 1–4**<br>Naíonáin Shóisearacha–Rang a Sé |
| **Ceistiúchán agus iniúchadh** |
| *Moltaí maidir le foghlaim páistí:*<br>• Ceisteanna a chur agus iniúchadh a dhéanamh ar fhianaise trí fhiosrúchán<br>• Breathnóireacht a dhéanamh ar dhéantúsáin agus cur síos a dhéanamh orthu, ag cur ceisteanna fúthu<br>• Comhoibriú chun tuartha agus réitigh amach anseo a dhéanamh ar dhúshláin áitiúla, náisiúnta agus dhomhanda<br>• Dul i mbun foghlaim áitbhunaithe agus obair allamuigh chun iniúchadh a dhéanamh ar an gceantar áitiúil<br>• Torthaí ó fhiosrúcháin a thaifeadadh, a léiriú agus a phlé trí úsáid a bhaint as formáidí agus peirspictíochtaí éagsúla |
| **Úsáid a bhaint as fianaise agus foinsí** |
| *Moltaí maidir le foghlaim páistí:*<br>• Fianaise a scrúdú go criticiúil agus a roghnú, lena n-áirítear déantúsáin<br>• Scileanna a fhorbairt chun fianaise agus foinsí bailí iontaofa a aimsiú agus a roghnú<br>• Ceisteanna a chur agus tátail shimplí a dhéanamh ó fhianaise agus ó fhoinsí<br>• Comparáid a dhéanamh idir cuntais ar eachtraí nó ar dhaoine ar fud foinsí iomadúla<br>• A aithint go bhféadfadh fianaise a bheith claonta, neamhiomlán nó go bhféadfá do bhrí féin a bhaint as |
| **Léirmhíniú agus anailísiú** |
| *Moltaí maidir le foghlaim páistí:*<br>• Scrúdú criticiúil a dhéanamh ar fhoinsí agus ar fhianaise éagsúil<br>• Sórtáil, rangú, mínithe a thabhairt agus teacht ar thátail trí úsáid a bhaint as critéir ábhartha<br>• Peirspictíochtaí iomadúla a mheas ar fud foinsí<br>• Dul i ngleic le déantúsáin ón am atá caite agus ón am i láthair<br>• Ceangail a dhéanamh idir eachtraí áitiúla, náisiúnta, réigiúnacha agus domhanda |
| **Meastóireacht agus cinnteoireacht** |
| *Moltaí maidir le foghlaim páistí:*<br>• Faisnéis a mheas agus iniúchadh a dhéanamh ar fhianaise chun teacht ar thátail agus iad a chosaint<br>• Dúshlán a chur roimh thoimhdí agus cinntí eolasacha a dhéanamh trí fhiosrúchán<br>• Léirithe ar áit a bhailiú agus freagairt dóibh (m.sh., grianghraif, pictiúir, físeáin, líníochtaí agus léarscáileanna)<br>• Dul i mbun plé, agus peirspictíochtaí iomadúla á gcur san áireamh, chun mínithe a thabhairt agus teacht ar thátail<br>• Breithiúnais réasúnaithe a thabhairt faoi shaincheisteanna agus topaicí poiblí tar éis anailís chriticiúil a dhéanamh ar fhoinsí iomadúla |

## Scileanna stairiúla
**Céimeanna 1–4**
Naíonáin Shóisearacha–Rang a Sé

**Smaointeoireacht chróineolaíoch**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Ord na n-imeachtaí san am atá caite a aithint, agus daoine, réanna agus imeachtaí á gcur laistigh de sheicheamh stairiúil leathan
- Feasacht a fhorbairt ar an tionchar a bhí ar imeachtaí ar leith ag an méid a tharla rompu agus ina ndiaidh
- Comparáid a dhéanamh idir an t-achar ama idir imeachtaí agus forbairtí suntasacha
- Reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha a shuíomh i gcomhthéacsanna stairiúla agus comhaimseartha

**Smaointeoireacht stairiúil**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Ag baint leas as coincheapa na cúise agus na héifeachta, as leanúnachas agus as athrú agus as tábhacht stairiúil chun tuiscint a fhorbairt ar an am atá caite
- Fianaise stairiúil a scrúdú chun tuiscint níos doimhne a fhorbairt ar an am atá caite
- Patrúin leanúnachais agus athraithe a bhreathnú, chomh maith leis na héifeachtaí beartaithe agus neamhbheartaithe le himeacht ama
- Cleachtais athraitheacha reiligiún, creideamh agus cruinneshamhlacha le himeacht ama a fhiosrú

## Scileanna tíreolaíochta
**Céimeanna 1–4**
Naíonáin Shóisearacha–Rang a Sé

**Mapáil / Grafacht**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Áiteanna sa cheantar agus áiteanna i scéalta a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as léarscáileanna, samhlacha agus modhanna eile
- Léarscáileanna agus pleananna simplí den bhaile, den seomra ranga, den scoil agus den cheantar a dhéanamh agus a léamh.
- Léarscáileanna a úsáid chun bealaí agus treoracha a thaifeadadh
- Bunphrionsabail na mapála a chur i bhfeidhm – suíomh, scála, siombailí, peirspictíocht agus treo – chun tuiscint a fháil ar mhéid agus scála na n-áiteanna agus ar shuíomh áiteanna, i dtimpeallachtaí nádúrtha agus tógtha araon

**Léirmhíniú físiúil agus cumarsáid fhísiúil**

*Moltaí maidir le foghlaim páistí:*

- Léirithe pictiúrtha agus fíorúla ar áit a bhailiú agus freagairt dóibh, amhail grianghraif, físeáin, líníochtaí agus léarscáileanna
- Léirithe físiúla a chruthú ar ghnéithe áite trí úsáid a bhaint as líníochtaí, léarscáileanna, samhlacha agus teicneolaíochtaí digiteacha
- Léirithe pictiúrtha agus fíorúla ar thimpeallachtaí difriúla a chruthú agus freagairt dóibh, amhail grianghraif, físeáin, líníochtaí, sceitsí, léarscáileanna agus feidhmchláir Réaltachta Fíorúla/Méadaithe
- Torthaí agus tátail a thaifeadadh agus a chur i láthair trí úsáid a bhaint as modhanna éagsúla, lena n-áirítear foirmeacha béil, scríofa, pictiúrtha, fótagrafacha, léaráideacha agus grafacha

# Meonta

Is éard atá i meonta nósanna, iompraíochtaí agus dearcthaí a mbíonn tionchar acu ar fhoghlaim agus ar fhás pearsanta páistí agus a mbíonn tionchar acu ar a rannpháirteachas agus a spéis fhoriomlán in *OSI*. I dTorthaí Foghlama, tagraíonn meonta don chaoi a bpléann páistí lena gcuid foghlama. Áirítear samplaí de mheonta laistigh de *OSI* i dTábla A3.

**Tábla A3:** Meonta laistigh de Thorthaí Foghlama

| Meonta | |
|---|---|
| Smaointeoireacht chriticiúil | Faisnéis a anailísiú, a mheas agus a cheistiú chun cinntí réasúnaithe a dhéanamh |
| Fiosracht | Fonn chun rudaí a fhiosrú, a cheistiú agus tuiscint níos doimhne a fháil ar rudaí |
| Meon oscailte | Toilteanas peirspictíochtaí éagsúla a mheas agus athmhachnamh a dhéanamh ar thoimhdí |
| Machnamhacht | Machnamh criticiúil a dhéanamh ar chreidimh, ar ghníomhartha agus ar chlaontaí an duine chun cur leis an bhfoghlaim |
| Teacht aniar | Dul in oiriúint do dhúshláin agus céimeanna ar gcúl agus leanúint ar aghaidh tríothu |

# Luachanna

Is iad luachanna na creidimh atá ag páistí faoi na rudaí atá tábhachtach, inmhianaithe agus fiúntach, dóibh féin agus don tsochaí. I dTorthaí Foghlama, tagraíonn luachanna do na prionsabail lena dtreoraítear agus lena spreagtar iompraíocht, smaointe, cinntí agus breithiúnais eiticiúla páistí. Treisítear luachanna in *OSI* trí rannpháirtíocht fhiúntach leis na Téamaí Foghlama Domhanda (Cuid 6d). Áirítear samplaí de luachanna laistigh de *OSI* i dTábla A4.

**Tábla A4:** Luachanna laistigh de Thorthaí Foghlama

| Luachanna | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht dhaonlathach agus saoránacht | Páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí le freagracht, meas agus tiomantas don leas coiteann |
| Ceangal pearsanta le háit agus muintearas | Nasc láidir mothúchánach, ceangal domhain nó braistint féiniúlachta laistigh de phobal nó de thimpeallacht |
| Cumas gníomhúcháin aonair agus comhchoiteann | An cumas gníomhú go neamhspleách agus go comhoibríoch chun athrú a chruthú |
| An eágsúlacht a léirthuiscint | Difríochtaí i ndaoine agus i bpeirspictíochtaí a aithint agus meas a bheith acu orthu |
| Idirnascadh, idirghaolmhaireachtaí agus idirspleáchas a léirthuiscint | An chaoi a bhfuil timpeallachtaí, córais agus acmhainní daonna agus nádúrtha nasctha lena chéile agus an chaoi a dtéann siad i bhfeidhm ar a chéile a aithint |





An Roinn Oideachais agus Óige
Department of Education and Youth